European Asylum Support Office

# Clár oibre EASO 2014

SUPPORT IS OUR MISSION

European Asylum Support Office

# Clár oibre
# EASO
# 2014

SUPPORT IS OUR MISSION

***Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach***

**Uimhir shaorghlao (*):**

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an idirlíon (http://europa.eu).

Tá nóta leabhareolach le fáil ag deireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2013

ISBN 978-92-9243-034-4
doi:10.2847/11881

© An Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn, 2013

Ní féidir freagracht a chur ar EASO nó duine ar bith ag gníomhú ar a son i ndáil leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá cuimsithe anseo.

Tá atáirgeadh údaraithe ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinse

# Clár na nÁbhar

**1. Dréachtchlár oibre EASO 2014** ... 5
1.1. Réamhrá ... 5
1.2. Misean EASO ... 5
1.3. Tascanna EASO ... 5
1.4. Príomhtháscaire feidhmíochta EASO ... 6
1.5. Tosaíochtaí EASO do 2014 ... 6
1.6. Meastóireacht sheachtrach ar EASO ... 7
**2. Forbhreathnú foirne agus struchtúr buiséid EASO** ... 9
2.1. Struchtúr eagraíochtúil EASO do 2014
2.2. Forbhreathnú foirne do 2014 ... 9
2.3. Buiséad EASO do 2014 ... 10
**3. Tacaíocht bhuan** ... 12
3.1. Oiliúint EASO ... 12
3.2. Tacaíocht cáilíochta ... 13
3.3. Faisnéis na tíre tionscnaimh (COI) ... 14
3.4. Comhar praiticiúil EASO ... 15
3.5. Cláir shainiúla ... 15
3.5.1. Comhar le comhaltaí binsí fiosrúcháin agus cúirteanna ... 16
3.5.2. Gníomhartha EASO sa phlean gníomhaíochta do mhionaoisigh neamhthionlactha ... 17
3.5.3. Gáinneáil ar dhaoine ... 17
3.6. Fáiltiú ... 18
3.7. Liosta EASO na dteangacha infhaighte ... 18
**4. Tacaíocht speisialta** ... 19
4.1. Tacaíocht shaincheaptha agus forbairt inniúlachta ... 19
4.2. Athlonnú ... 20
**5. Tacaíocht éigeandála** ... 21
5.1. Comhthiomsú idirghabhála tearmainn ... 21
5.2. An Ghréig ... 21
5.3. Ullmhúchán don tacaíocht éigeandála ... 22
**6. Tacaíocht anailíse agus faisnéise** ... 23
6.1. Córas cáipéisíochta EASO ... 23
6.2. Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san AE ... 24
6.3. Córas luathrabhaidh agus ullmhachta ... 25
**7. Tacaíocht do thríú tíortha** ... 26
7.1. Athshocrú ... 26
7.2. Gné sheachtrach ... 27
**8. Creat agus líonra EASO** ... 28
8.1. Bord Bainistíochta ... 28
8.2. Líonra comhair EASO ... 29

8.2.1. Comhar le Parlaimint na hEorpa, le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún Eorpach ... 29

8.2.2. Comhar le UNHCR agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile ... 29

8.2.3. Comhar le gníomhaireachtaí AE agus le gníomhaireachtaí um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ... 30

8.2.4. Comhar le lucht acadúil agus comhaltaí binsí fiosrúcháin agus cúirteanna ... 31

8.3. Fóram Comhairleach ... 31

**9. Riarachán EASO** ... 33

9.1. Bainistíocht acmhainní daonna ... 33

9.2. Bainistíocht airgeadais ... 33

9.3. Bainistíocht conartha ... 33

9.4. Rialachas TF ... 33

9.5. Cumarsáid ... 33

9.6. Córais um rialú inmheánach agus bainistíocht ... 35

9.6.1. Feidhmiú EASO an chuir chuige choitinn ar ghníomhaireachtaí díláraithe an AE ... 35

9.6.2. Córais um rialú inmheánach agus feidhmiú na moltaí déanta ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) ... 35

**10. Iarscríbhinní** ... 36

10.1. Conarthaí poiblí agus gealltanais dhlíthiúla EASO in 2014 ... 36

10.2. Foilseacháin agus aistriúcháin EASO in 2014 ... 37

# 1. Dréachtchlár oibre EASO 2014

## 1.1. Réamhrá

Aistríonn clár oibre na hOifige Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) straitéis na heagraíochta go cuspóirí bliantúla agus cuireann sé bonn ar fáil do phleanáil bhuiséadach. Leagann an cháipéis seo amach na pleananna do ghníomhaíochtaí EASO agus is ionann í agus an cinneadh ginearálta airgeadaithe do 2014. Mar sin féin, i bhfianaise nádúr oibre EASO agus an gá le freagairt ar bhealach tráthúil agus onnghníomhach do chásanna, cúinsí agus tosaíochtaí atá ag athrú, is cuí go gcoinneoidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an tsolúbthacht atá de dhíth chun freagairt mar is cuí agus an clár oibre do 2014 á chur i bhfeidhm.

Tá clár oibre EASO 2014 gaolta le clár oibre ilbhliantúil EASO 2014–16, a shainíonn comhthéacs straitéiseach EASO don tréimhse seo.

Sa chomhthéacs seo, díreoidh EASO a hiarrachtaí in 2014 ar thacú le Ballstáit AE agus leis an gCoimisiún Eorpach i bhfeidhmiú soiléir *acquis* tearmainn athmhúnlaithe an AE (i.e. an cnuasach de chearta agus de dhualgais choiteanna a nascann na Ballstáit uile le chéile laistigh den AE), a glacadh leis i Meitheamh 2013. Beidh ról mór ag EASO i dtacú le Ballstáit sa phróiseas seo trí réimse leathan d'uirlisí atá á bhforbairt chun an aidhm seo a bhaint amach.

Tá a próisis bhuiséadacha agus monatóireachta fós á bhforbairt ag EASO. Maidir leis seo, tá alt nua 1.4 ar an bpríomhtháscaire feidhmíochta á thabhairt isteach sa chlár oibre ag teacht leis an gcur chuige coiteann ar ghníomhaireachtaí díláraithe an AE atá ag Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach (Iúil 2012). De bhreis air sin, tá alt nua 9.5 ar chórais rialaithe inmheánacha agus bainistíocht EASO curtha san áireamh sa chlár oibre seo. Cruthaíonn an rud deireanach seo nasc dlúth le feidhmiú EASO ar an léarscáil den obair leantach ar an gcur chuige coiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an AE, a dhéanfaidh EASO i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach.

Cuirtear clár oibre EASO i dtoll a chéile de réir Airteagail 29(1)(f) de Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle den 19 Bealtaine 2010 a bhunaigh Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (rialachán EASO). Ghlac Bord Bainistíochta EASO leis an gclár oibre ar 16 Meán Fómhair 2013, i ndiaidh dóibh tuairim an Choimisiúin Eorpaigh a fháil ar 9 Meán Fómhair 2013. Tá an clár oibre seolta ag EASO chuig Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach. Faoi réir Airteagail 41(2), beidh clár oibre 2014 EASO ar fáil i dteangacha oifigiúla uile institiúidí an AE.

## 1.2. Misean EASO

Is é misean EASO cuidiú le feidhmiú an chomhchórais Eorpaigh tearmainn (CEAS) trí thacaíocht a sholáthar agus comhar praiticiúil a éascú, a chomhordú agus a láidriú i measc na mBallstát mar lárionad neamhspleách saineolais ar thearmann.

## 1.3. Tascanna EASO

Is í aidhm EASO ná comhar praiticiúil a éascú, a chomhordú agus a láidriú i measc na mBallstát ar an iliomad gnéithe den tearmann. Soláthraíonn EASO:

1. tacaíocht phraiticiúil agus theicniúil do na Ballstáit;
2. tacaíocht oibríochta do na Ballstáit a bhfuil riachtanais ar leith acu agus do na Ballstáit a bhfuil brú ar leith ar a gcórais tearmainn agus fáiltithe, lena n-áirítear comhordú ar fhoirne tacaíochta tearmainn ina bhfuil saineolaithe náisiúnta tearmainn; agus
3. ionchur eolaíochtúil do cheapadh beartais agus reachtaíocht an AE sna réimsí uile a bhfuil tionchar díreach nó indíreach acu ar thearmann.

Is féidir **príomhghníomhaíochtaí** EASO a roinnt mar seo a leanas:

- **tacaíocht bhuan**: tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do cháilíocht choiteann an phróisis tearmainn trí oiliúint choiteann, ábhar oiliúna tearmainn coiteann, cáilíocht choiteann agus fáisnéis choiteanna na tíre tionscnaimh (COI);
- **tacaíocht speisialta**: cúnamh saincheaptha, forbairt inniúlachta, athlonnú, tacaíocht shainiúil agus próisis speisialta um rialú cáilíochta;
- **tacaíocht éigeandála**: dlúthpháirtíocht a eagrú do Bhallstáit a bhfuil brú faoi leith orthu trí thacaíocht agus cúnamh sealadach a sholáthar chun córais tearmainn agus fáiltithe a dheisiú nó a atógáil;
- **tacaíocht faisnéise agus anailíse**: faisnéis agus sonraí, anailísí agus measúnuithe a roinnt agus a chumasc ag leibhéal an AE, lena n-áirítear anailísí ar threochtaí coiteanna agus measúnuithe coiteanna;
- **tacaíocht do thríú tíortha (i.e. tír neamh-chomhalta)**: tacú le gné sheachtrach CEAS, tacú le comhpháirtithe le tríú tíortha chun teacht ar réitigh choiteanna, lena n-áirítear trí fhorbairt inniúlachta agus cláir chosanta réigiúnach, agus comhordú ar ghníomhaíochtaí athshocraithe na mBallstát.

Is iad seo a leanas **prionsabail** EASO i dtaca lena tascanna a chur i gcrích:

- tacaíocht agus cúnamh a eagrú do riachtanais shainiúla nó ghinearálta chórais tearmainn na mBallstát;
- comhar oibríochtúil idir Bhallstáit a chomhordú agus a spreagadh agus cáilíocht a fheabhsú;
- feidhmiú mar lárionad neamhspleách saineolais ar thearmann;
- anailísí coiteann agus measúnuithe coiteann ar shonraí tearmainn a eagrú;
- gníomhaíocht chomhpháirteach agus comhsheasmhacht laistigh den réimse tearmainn a éascú agus a spreagadh;
- rannpháirtíocht le tiomantas iomlán na mBallstát;
- meas a thabhairt ar fhreagracht na mBallstát agus a gcinntí tearmainn;
- comhar leis an gCoimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh, chomh maith le forais, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí AE eile;
- sochaí shibhialta **agus** eagraíochtaí idirnáisiúnta a chur san áireamh; agus
- a cuid dualgas a chur i gcrích mar eagraíocht atá dírithe ar sheirbhís, atá neamhchlaonta agus trédhearcach laistigh de chreat dlíthiúil, polasaí agus institiúideach an AE.

## 1.4. Príomhtháscaire feidhmíochta EASO

Léirítear príomhtháscaire feidhmíochta foriomlán EASO ag na riachtanais a chuireann na Ballstáit agus institiúidí an AE in iúl do thacaíocht agus gníomhaíochtaí EASO agus cumas EASO tacaíocht dá leithéid a sholáthar agus na gníomhaíochtaí atá de dhíth a chur i bhfeidhm laistigh den CEAS de réir na riachtanas sin.

Dá bhrí sin, léirítear príomhtháscaire feidhmíochta EASO ag táscaire cáilíochta a fhéachann le tionchar thacaíocht EASO ar fheidhmiú an CEAS a thaispeáint.

Soláthraíonn EASO fíor-bhreisluach trí shineirgí a chruthú i measc na 28 mBallstát trí chomhar praiticiúil ar thearmann a éascú agus trí fhórsaí na mBallstát a thabhairt le chéile chun réitigh choiteanna a aimsiú do dhúshláin choiteanna i réimse an tearmainn.

Déanfar an riachtanas d'obair EASO agus a tionchar a thomhas, agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh:

- na tascanna a leagtar síos sa rialachán EASO, an *acquis* tearmainn athmhúnlaithe agus cáipéisí AE gaolmhara eile agus dul chun cinn EASO i bhfeidhmiú gníomhaíochtaí chun na tascanna seo a chomhlíonadh;
- iarratais déanta ag na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh, Parlaimint na hEorpa agus institiúidí, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile an AE chun gníomhaíochtaí breise EASO a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhonn tacú le feidhmiú an CEAS;
- tuairimí meastóireachta tugtha ag na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh, Parlaimint na hEorpa agus institiúidí, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile an AE ar shaothar EASO.

Aithnítear i gclár oibre EASO roinnt cuspóirí bliantúla atá struchtúrtha de réir phrionsabail SMART ("sonrach, intomhaiste, comhaontaithe, réalaíoch, uainithe"). D'fhonn feidhmíocht EASO a thomhas, forbraítear táscairí do gach cuspóir mar aon leis an toradh ionchais agus fráma ama.

## 1.5. Tosaíochtaí EASO do 2014

In 2014, díreoidh EASO ar thacú leis na Ballstáit i bhfeidhmiú na gcúig ionstraim athmhúnlaithe a leagann síos an bonn don dara céim sa CEAS: treoir na cáilíochta (Treoir 2011/95/AE), rialachán Bhaile Átha Cliath III (Rialachán (AE) Uimh. 604/2013), treoir na gcoinníollacha fáiltithe (Treoir 2013/33/AE), treoir an nóis imeachta tearmainn (Treoir 2013/32/AE) agus an rialachán Eurodac (Rialachán (AE) Uimh. 603/2013). Beidh ról mór ag EASO i dtacú le Ballstáit sa phróiseas seo trí réimse leathan d'uirlisí atá á bhforbairt chun an aidhm seo a bhaint amach. Agus na huirlisí seo á bhforbairt, chuir EASO san áireamh na dea-chleachtais atá ann agus beartais phraiticiúla comhair chun comhlántacht a dheimhniú agus chun dúbláil a sheachaint.

**Tosaíochtaí EASO do 2014**

- Tacú le feidhmiú na mBallstát ar an bpacáiste tearmann athmhúnlaithe trí oiliúint, gníomhaíochtaí praiticiúla comhair, COI agus tuarascálacha cáilíochta.
- Córas luathrabhaidh agus ullmhachta EASO a fhorbairt a thuilleadh.
- Tacaíocht oibríochta a sholáthar don Ghréig de réir chéim II den phlean oibriúcháin agus tacaíocht speisialta don Iodáil.

**Achoimre ar phríomhghníomhaíochtaí EASO in 2014**

- Déanfaidh EASO a struchtúir do **thacaíocht bhuan** a dhaingniú agus a láidriú d'fhonn teacht ar bhonn don leanúnachas. Leanfaidh EASO den nuashonrú ar a modúil **oiliúna** agus ábhair foghlama chun na forbairtí in *acquis* tearmainn nua-mhúnlaithe an AE chomh maith le forbairtí eile a léiriú, ar nós cásdlí agus dlí-eolaíocht. Forbrófar modúil

oiliúna nua chun aghaidh a thabhairt ar éilimh agus riachtanais na n-oifigigh tearmainn ag obair sa réimse seo. Déanfar comhthiomsaithe na saineolaithe agus na n-oiliúnóirí agus an grúpa tagartha a dhaingniú a thuilleadh. In 2014, déanfaidh EASO tuilleadh daingnithe ar a comhar leis na **Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus cúirteanna agus binsí fiosrúcháin Eorpacha** lena n-áirítear ábhair um fhorbairt ghairmiúil a ullmhú agus ceardlann ardleibhéil a eagrú. Leanfaidh EASO dá cleachtadh mapála **cáilíochta**, agus freisin soláthróidh sí saineolas ar ghnásanna cáilíochta agus ar mhodheolaíocht cáilíochta. Cruthóidh EASO freisin lámhleabhair a bhaineann le feidhmiú *acquis* tearmainn nua-mhúnlaithe an AE i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus, mar is cuí, le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR). Bunóidh EASO córas cáipéisíochta freisin a sholáthróidh aon phointe teagmhála amháin d'fhaisnéis ar chórais agus eagrais tearmainn na mBallstát, chomh maith le faisnéis ar fhorbairtí fíorasacha, dlíthiúla agus chásdlí náisiúnta agus Eorpacha. Leanfaidh EASO de COI a sholáthar trí fhorbairt leanúnach an tairsigh COI, an líonra COI agus cáipéisíocht COI agus comhar praiticiúil. Treiseoidh EASO **gníomhaíochtaí praiticiúla comhair** (a bhaineann le tír ar leith, dlíthiúil agus téamach) agus láidreoidh sí a líonraí speisialta. Déanfar ceardlanna, cruinnithe saineolaithe, comhdhálacha agus líonraí uile EASO a ghrúpáil faoi cheannteideal an chomhair phraiticiúil. Leanann gníomhaíochtaí praiticiúla comhair EASO an mhodheolaíocht chéanna agus tá siad ceaptha le torthaí a chruthú ar féidir iad a leanúint agus monatóireacht a dhéanamh orthu laistigh den chomhthéacs níos leithne d'obair EASO.

- Déanfaidh EASO a beartais do **thacaíocht speisialta** a fhorbairt a thuilleadh i bhfoirm beartas spriocdhírithe do Bhallstáit a bhfuil riachtanais áirithe aitheanta agus sainiúla acu maidir le feidhmiú *acquis* tearmainn athmhúnlaithe an AE (cúnamh saincheaptha, forbairt inniúlachta, athlonnú, tacaíocht shainiúil agus próisis speisialta um rialú cáilíochta). I rith 2014, leanfaidh EASO le tacaíocht speisialta a sholáthar don Iodáil ag teacht le plean tacaíochta speisialta EASO don Bhallstát sin. De bhreis air sin, mar is cuí, cuirfidh gníomhartha tacaíochta speisialta EASO le gníomhartha ar bith a dhéantar laistigh de chreat mheicníocht Airteagail 33 de rialachán Bhaile Átha Cliath III.

- Laistigh de chreat fheidhmiú *acquis* tearmainn nua-mhúnlaithe an AE agus ar bhonn iarratais ó Bhallstát agus phlean oibríochta, soláthróidh EASO **tacaíocht éigeandála** do Bhallstáit a bhfuil brú ar leith orthu trí shaineolaithe na mBallstát a imlonnú i bhfoirm foirne tacaíochta tearmainn nó trí thacaíocht eile a sholáthar mar is gá. Sa chomhthéacs seo, tá EASO réidh le leanúint dá ghníomhaíochtaí sa Ghréig ar bhonn an phlean gníomhaíochta tearmainn agus imirce don Ghréig. Mar is cuí, cuirfidh gníomhartha tacaíochta éigeandála EASO le gníomhartha ar bith a dhéantar laistigh de chreat mheicníocht Airteagail 33 de rialachán Bhaile Átha Cliath III.

- Leanfaidh EASO dá **córas luathrabhaidh agus ullmhachta** (EPS) a fhorbairt agus a fheabhsú**.** Tugann an EPS tacaíocht iomlán agus cuireann leis an "meicníocht do luathrabhadh, ullmhacht agus bainistíocht géarchéime" a samhlaíodh faoi Airteagal 33 de rialachán athmhúnlaithe Bhaile Átha Cliath. Ceadaíonn sé:
  - rochtain réidh ar shonraí inchomparáide rialta thar na mBallstát uile maidir le mórghnéithe shruthanna agus ullmhachta náisiúnta;
  - anailísí tráthúla agus cruinne ó EASO bunaithe ar thuiscint dhomhain ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí i gcórais tearmainn náisiúnta;
  - cumas feabhsaithe EASO ceisteanna tábhachtacha a ardú go díreach le Ballstáit ábhartha agus tacaíocht shaincheaptha a thairiscint sula ndéantar géarchéimeanna d'fhadhbanna;
  - comhchuibhiú suntasach agus forbairt inniúlachta i réimse an bhailiú sonraí; agus
  - anailís trí líonraí sainiúla a chruthú agus a fhorbairt.

- Cuirfidh EASO tús lena gníomhaíochtaí a bhaineann le tacaíocht tríú tíre. Sa chomhthéacs seo, meastar go sroichfidh EASO leibhéal buiséadach a cheadóidh tascanna a ghlacadh maidir le tacaíocht tríú tíre i gcomhair leis an gCoimisiún Eorpach. Áireoidh sé seo gníomhartha maidir le tacú leis an ngné sheachtrach, tacú le comhpháirtíochtaí le tríú thíortha chun teacht ar réitigh choiteanna, mar shampla trí fhorbairt inniúlachta agus cláir um chosaint réigiúnach, agus comhordú ar ghníomhartha na mBallstát ar athshocrú.

- Beidh EASO réidh le ról a imirt i **dtionscnaimh féideartha ar phróiseáil iarratais tearmainn** i gcomhair le saineolaithe ó Bhallstáit éagsúla.


## 1.6. Meastóireacht sheachtrach ar EASO

In 2013, rinne an Coimisiún Eorpach meastóireacht inmheánach ar EASO. Dhírigh an mheastóireacht ar thionchar EASO ar an gcomhar praiticiúil i réimse an tearmainn agus ar an CEAS i gcoitinne. Bhí scóip na meastóireachta teoranta agus bhí sé mar chuspóir aige gníomhartha um réiteach tapa a mholadh le cur i bhfeidhm agus le cuidiú scóip a leagan amach don mheastóireacht sheachtrach a ordóidh EASO in 2014 faoi réir Airteagail 46 den rialachán EASO. Ní raibh torthaí na meastóireachta inmheánaí ar fáil go fóill nuair a glacadh leis an gclár oibre seo. Déanfaidh EASO a dícheall moltaí na meastóireachta seo a chur san áireamh i bhfeidhmiú an chláir oibre 2014.

Mar a luadh, faoi réir Airteagail 46 den rialachán EASO, ordóidh EASO meastóireacht sheachtrach tráth nach déanaí ná 19 Meitheamh 2014. Déanfaidh

sé anailísiú ar ghnóthachtálacha EASO ar bhonn na dtéarmaí tagartha eisithe ag an mBord Bainistíochta i gcomhar leis an gCoimisiún in 2013. Cuimseoidh an mheastóireacht tionchar EASO ar chomhar praiticiúil ar thearmann agus ar an CEAS, le haird mar is cuí ar an dul chun cinn a rinneadh laistigh dá sainordú. Ach go háirithe, tabharfaidh sé aghaidh ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann le sainordú EASO a leasú, lena n-áirítear na himpleachtaí airgeadais a bheadh ag leasú ar bith dá leithéid, agus scrúdóidh sé freisin cé acu an bhfuil an struchtúr bainistíochta oiriúnach chun dualgais EASO a chur i gcrích. Cuirfidh an mheastóireacht san áireamh tuairimí pháirtithe leasmhara, ag leibhéil AE agus náisiúnta araon.

# 2. Forbhreathnú foirne agus struchtúr buiséid EASO (¹)




## 2.1. Struchtúr eagraíochtúil EASO do 2014

Tá an **stiúrthóir feidhmiúcháin** neamhspleách i bhfeidhmiú a thascanna agus is é ionadaí dlíthiúil EASO é. Tá an stiúrthóir feidhmiúcháin freagrach, i measc nithe eile, as bainistiú riaracháin EASO agus as feidhmiú an chláir oibre agus chinntí an Bhoird Bhainistíochta.

Tá an stiúrthóir feidhmiúcháin á thacú ag na ceannasaithe aonaid/lárionaid, an t-oifigeach cuntasaíochta agus an Oifig Fheidhmiúcháin. Faoi láthair tá ceithre aonad/lárionad in EASO, is iad sin:

- Aonad Gnóthaí Ginearálta agus Riaracháin (GAAU);
- Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse (CIDA);
- Lárionad um Thacaíocht Oibríochta (COS);
- Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais (CTQE).

## 2.2. Forbhreathnú foirne do 2014

De réir an phlean polasaí foirne ilbhliantúil 2014–16, fásfaidh EASO in 2014 ó 77 go líon foirne de 84. Don chuid is mó, earcófar an t-ochtar breise foirne atá measta do 2014 do na lárionaid EASO i bhfianaise na dtascanna nua a chaithfear a chur i gcrích.

(¹) Tá na figiúirí ar fhoireann agus na leithreasuithe uile sa chaibidil seo faoi réir ag glacadh bhuiséid ghinearálta AE 2014 ag an údarás buiséadach.

Samhlaítear go mbeidh an struchtúr d'fhostaithe do 2014 mar seo a leanas:

- 35 riarthóir lena n-áirítear na ceannasaithe aonaid uile agus líon iomlán atá ina speisialtóirí ar chomhar praiticiúil i réimse an tearmainn, lena n-áirítear roinnt léargas ar chothú; áiríonn na príomhfheidhmeanna oibríochta ach go háirithe, speisialtóirí san fhaisnéis, sa cháipéisíocht, san anailís, sa tacaíocht oibríochta, san oiliúint, sa cháilíocht agus saineolaithe TF;
- 14 chúntóir do thascanna tacaíochta;
- 14 shaineolaí náisiúnta ar iasacht do chomhar tearmainn; earcaítear saineolaithe náisiúnta ar iasacht le saineolas speisialta ar chomhar oibríochta ar thearmann sna limistéir éagsúla ina bhfeidhmíonn EASO;
- 21 ghníomhaire ar conradh do thascanna oibríochta agus riaracháin sna catagóirí seo a leanas: ochtar gníomhairí ar conradh i ngrúpa feidhme (GF) IV, ochtar gníomhairí ar conradh i GF III, triúr gníomhairí ar conradh i GF II agus beirt ghníomhairí ar conradh i GF I.

I gcomórtas le 2013, fostóidh EASO triúr riarthóirí, cuntóir amháin agus ceathrar gníomhairí ar conradh sa bhreis in 2014, agus laghdófar líon na saineolaithe náisiúnta ar iasacht faoi dhuine amháin.

In aghaidh an lárionaid/aonaid, is mar seo a leanas a roinnfear an fhoireann:

| Aonán | Foireann 2013 | Foireann 2014 |
|---|---|---|
| Stiúrthóir feidhmiúcháin | 1 | 1 |
| Oifig Fheidhmiúcháin | 6 | 5 |
| Aonad Gnóthaí Ginearálta agus Riaracháin | 27 | 27 |
| Cuntasaíocht, Iniúchadh Inmheánach agus Rialú | 2 | 2 |
| Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse | 16 | Le cinneadh(*) |
| Lárionad um Thacaíocht Oibríochta | 12 | Le cinneadh(*) |
| Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais | 13 | Le cinneadh(*) |
| IOMLÁN | 77 | 84 |

(*) Cinnfear leithdháileadh cruinn na foirne in aghaidh an lárionaid nuair a bheidh buiséad ginearálta EASO 2014 agus foireann údaraithe EASO cinnte ag an údarás buiséadach.

## 2.3. Buiséad EASO do 2014

Tugann dréachtbhuiséad 2014 an Aontais Eorpaigh le fios gurb iad EUR 14 526 000 na hacmhainní airgeadais atá riachtanach do chaiteachas riaracháin agus oibríochta chun na tascanna a léirítear sa chlár oibre seo a dhéanamh. Tugann an tábla thíos an briseadh síos ar fhóirdheontas Aontais in aghaidh an teidil chaiteachais.

| Caiteachas 2014 Figiúirí in EUR | Leathreasuithe gealltanais | Leathreasuithe íocaíochta |
|---|---|---|
| Teideal 1 — Caiteachas foirne | 6 013 000 | 6 013 000 |
| Teideal 2 — Caiteachas infreastruchtúir agus oibriúcháin | 2 486 000 | 2 486 000 |
| Teideal 3 — Caiteachas oibríochta | 6 027 000 | 6 027 000 |
| Caiteachas iomlán | 14 526 000 | 14 526 000 |

Cuirfear an buiséad i bhfeidhm de réir rialacháin EASO agus chinneadh an Bhoird Bhainistíochta Uimh. 2 ar rialú airgeadais EASO. Cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi athrú suntasach ar bith ar ghníomhaíochtaí oibríochta EASO nó faoi ghníomhaíochtaí oibríochta nua.

**Teideal 1: Caiteachas foirne**

Baineann Teideal 1 le caiteachas ar fhoireann, costais foirne (m.sh. costais misin) agus tuarastail. I bhfianaise nádúr ghníomhaíochtaí EASO, tá costais áirithe a bhaineann le hoibríochtaí le fáil faoi Theideal 1. Cuimsíonn Teideal 1 costais misin na foirne EASO, atá gaolmhar go díreach le hoibríochtaí EASO, costais d'fhoireann oibríochta agus costais d'fhoireann riaracháin, a éascaíonn oibríochtaí EASO, ar nós foirne tacaíochta tearmainn, cruinnithe saineolaithe agus oiliúint.

**Teideal 2: Caiteachas infreastruchtúir agus oibriúcháin**

Baineann Teideal 2 le caiteachas ar chostais riaracháin le haghaidh na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

- cíos ar fhoirgnimh agus costais ghaolmhara: EUR 665 000;
- TFC: EUR 540 000; ba chóir a nótáil nach n-áiríonn Teideal 2 caiteachais oibríochta TF ar nós costais do thairseach gréasáin atá mar chuid den chaiteachas faoi Theideal 3;
- cruinnithe Bhord Bainistíochta EASO agus caiteachas riaracháin gaolmhar eile: EUR 326 000; ba chóir a nótáil nach n-áiríonn Teideal 2 na costais do chruinnithe saineolais faoi na gníomhaíochtaí oibríochta, ná nach mbaineann sé leis an bhFóram Comhairleach atá mar chuid den chaiteachas faoi Theideal 3;
- aistriúchán, eolas agus foilsiú: EUR 300 000; ba chóir a threisiú go gclúdaíonn Teideal 2 na

costais do chumarsáid chorparáideach, ach nach n-áiríonn sé na costais as tuarascálacha a fhoilsiú faoi na gníomhaíochtaí oibríochta éagsúla, m.sh. an tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san AE agus na tuarascálacha COI atá mar chuid de chaiteachas faoi Theideal 3;

- comhairleoireacht gnó agus meastóireacht ar EASO: EUR 200 000.

**Teideal 3: Caiteachas oibríochta**

Tá léargas le fáil sa tábla seo a leanas ar an dréachtbhuiséad sannta faoi Theideal 3 do na tascanna éagsúla (mínítear an caiteachas ina leith siúd i gcaibidlí éagsúla níos faide anonn)

| Teideal 3 | Caiteachais oibríochta | 6 027 000 |
|---|---|---|
| **Caib. 31** | Tacaíocht d'fheidhmiú CEAS | 380 000 |
| **3101** | Tacaíocht chothrománach d'fheidhmiú CEAS | – |
| **3102** | Tuarascáil bhliantúil ar thearmann | 130 000 |
| **3103** | Luathrabhadh agus anailís ar shonraí | 250 000 |
| **Caib. 32** | Tacaíocht do chomhar praiticiúil na mBallstát | 3 450 000 |
| **3201** | Tacaíocht chothrománach do chomhar praiticiúil na mBallstát (*1) | 150 000 |
| **3202** | Oiliúint EASO | 1 450 000 |
| **3203** | Próisis cháilíochta (*2) | 800 000 |
| **3204** | Faisnéis na tíre tionscnaimh | 600 000 |
| **3205** | Athlonnú, athshocrú agus gné sheachtrach | 450 000 |
| **Caib. 33** | Tacaíocht do Bhallstáit faoi bhrú ar leith | 2 047 000 |
| **3301** | Tacaíocht chothrománach do Bhallstáit faoi bhrú ar leith | 150 000 |
| **3302** | Tacaíocht éigeandála | 1 897 000 |
| **Caib. 34** | Comhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara | 150 000 |
| **3401** | Comhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara | 150 000 |

(*1) Lena n-áirítear liosta na dteangacha infhaighte.
(*2) Lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha agus gáinneáil ar dhaoine.

# 3. Tacaíocht bhuan

Tá sé mar aidhm le tacaíocht bhuan EASO do Bhallstáit tacú le feidhmiú an CEAS, agus cáilíocht na bpróiseas agus na gcóras tearmainn a chur chun cinn agus a fheabhsú. Féachann an tacaíocht seo le feidhmiú comhsheasmhach CEAS a chothú laistigh den AE agus le heolas agus scileanna, eagraíocht agus nósanna imeachta, faisnéis, acmhainní agus dea-chleachtais choiteanna a roinnt. Seo a leanas atá i gceist le tacaíocht bhuan EASO:

- oiliúint EASO;
- tacaíocht cáilíochta ar chórais tearmainn Bhallstát;
- COI;
- comhar praiticiúil EASO; agus
- cláir shainiúla, dála comhar EASO le cúirteanna agus binsí fiosrúcháin Bhallstát agus Eorpacha agus gníomhaíochtaí maidir le mionaoisigh neamhthionlactha, le liosta na dteangacha infhaighte agus le comhar ar gháinneáil ar dhaoine a chosc.

## 3.1. Oiliúint EASO

| Oiliúint EASO | |
|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Féachann EASO le tacú le Ballstáit i scileanna agus cumais a gcuid foirne a fhorbairt agus a thógáil trí oiliúint choiteann cháilíochtúil. Cuimsíonn oiliúint EASO gnéithe éagsúla den CEAS agus féachann sé le cur le feidhmiú an CEAS trí thacú le leibhéal cáilíochta coiteann a bhunú ar fud an AE. Chuige seo, leanann EASO cur chuige le dhá rian: ar thaobh amháin, forbraíonn EASO ábhar oiliúna cuí agus, ar an taobh eile, eagraíonn EASO oiliúint bunaithe ar chóras “oiliúint don oiliúnóir”.<br>Comhoibríonn EASO le gníomhaireachtaí AE eile, ach go háirithe an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Frontex), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chleartú Bunúsacha (FRA) agus an Coláiste Eorpach Póilíneachta (CEPOL), i réimse na hoiliúna. |
| **Nua in 2014** | Cinnteoidh EASO go mbeidh na hábhair oiliúna agus na huirlisí oiliúna a fhorbrófar agus a nuashonrófar le linn 2014 ag teacht leis *acquis* tearmainn athmhúnlaithe an AE. Sa phróiseas seo, féachann EASO lena comhar a láidriú le páirtithe leasmhara cuí, ach go háirithe an Coimisiún Eorpach agus eagrais AE eile agus gníomhaireachtaí an AE um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ar nós Frontex, an FRA agus CEPOL. Tabharfar aird chuí, i ndlúthchomhar le UNHCR, ar nithe a bhaineann le gnéas, ceisteanna leochaileachta agus ciorrú ball giniúna ban. Chuige seo, beidh ball foirne nua ag obair go speisialta ar nithe a bhaineann le gnéas agus le grúpaí leochaileacha. Forbrófar modúl oiliúna ar ghnéas le linn 2014. De bhreis air sin, cinnteoidh EASO go ndéanfar topaicí a bhaineann le gnéas a chuíchóiriú ar fud na n-ábhar oiliúna.<br>Tabharfar aird ar leith ar fhorbairtí chásdlí ag leibhéal an AE agus leibhéal idirnáisiúnta. |

| Feidhmíocht | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Soláthraigh 12–14 sheisiún um “oiliúint don oiliúnóir” le 120–160 oiliúnóirí nua oilte. | R1–R4 | Líon na seisiún um “oiliúint don oiliúnóir” a soláthraíodh;<br>Líon na n-oiliúnóirí a oileadh;<br>Leibhéal sástachta na ndaoine faoi oiliúint. |
| Soláthraigh trí sheisiún réigiúnacha um “oiliúint don oiliúnóir”. | R1–R4 | Líon na seisiún um “oiliúint don oiliúnóir” a soláthraíodh;<br>Leibhéal sástachta na ndaoine faoi oiliúint. |
| Soláthraigh saintacaíocht do Bhallstáit ar fheidhmiú na hoiliúna EASO ar a hardán ríomhfhoghlama agus ag an leibhéal náisiúnta. | R1–R4 | Líon na modúl oiliúna EASO a aistríodh i dteangacha náisiúnta AE ag Ballstáit agus curtha i bhfeidhm ag EASO ar a hardán ríomhfhoghlama;<br>Líon na seisiún oiliúna náisiúnta riartha ag EASO ar a hardán ríomhfhoghlama. |

| | | |
|---|---|---|
| Nuashonraigh suas le sé mhodúl. | R1–R4 | Líon na modúl nuashonraithe agus curtha i bhfeidhm ar a hardán oiliúna ríomhfhoghlama;<br>Fráma ama ina gcuirtear nuashonraí modúil i gcrích. |
| Forbair suas le dhá mhodúl oiliúna. | R1–R4 | Líon na modúl oiliúna a chuirtear ar bun;<br>Líon na modúl a fhorbraítear agus a uaslódáiltear ar an ardán oiliúna;<br>Fráma ama ina bhforbraítear modúil. |
| Eagraigh seimineár teagascach bliantúil. | R4 | Líon na n-oiliúnóirí ag freastal ar an seimineár teagascach;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe. |
| Eagraigh suas le dhá chruinniú um phointe teagmhála náisiúnta (NCP) EASO. | R2, R4 | Líon na rannpháirtithe ag freastal ar an gcruinniú NCP;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| Eagraigh cruinniú bliantúil amháin den ghrúpa tagartha. | R4 | Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe. |
| Forbair suas le dhá lámhleabhar oiliúna EASO. | R1–R4 | Líon na lámhleabhar oiliúna EASO a fhorbrófar;<br>Úsáid na lámhleabhar. |
| Déan anailís ar an gcóras bailiúcháin sonraí oiliúna (crannóg oiliúna) agus forbair córas tuairiscithe ar úsáid na hoiliúna EASO ag leibhéal an AE agus leibhéal náisiúnta mar chuid de chóras cáipéisíochta ginearálta EASO. | R2 | Úsáid shonraí don chóras tuairiscithe;<br>Úsáid thoradh na hanailíse ar an oiliúint reatha. |
| **Buiséad** | 3202 Oiliúint | |
| **Acmhainní daonna** | Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais | |

## 3.2. Tacaíocht cáilíochta

| **Tacaíocht cáilíochta EASO** | |
|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Déanfaidh EASO nósanna imeachta a mhapáil agus dea-chleachtais a aithint, a roinnt agus cur lena mbunú.<br>Bunaithe ar anailís ar a riachtanais, cuideoidh EASO le Ballstáit cáilíocht a bpróisis tearmainn a fheabhsú trí uirlisí praiticiúla a fhorbairt agus a roinnt.<br>Déanfaidh EASO na foinsí ábhartha faisnéise uile a mheas le linn an phróisis seo agus, mar is gá, rachaidh sí i gcomhairle le páirtithe leasmhara cumasacha. |
| **Nua in 2014** | Forbróidh EASO a huirlisí agus ábhair cáilíochta (m.sh. lámhleabhair, teimpléid, seicliostaí) chun tacú le feidhmiú na mBallstát ar phacáiste tearmainn athmhúnlaithe an AE i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach. |

| **Feidhmíocht** | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Eagraigh suas le trí chruinniú téamacha EASO um chomhar praiticiúil ar thopaicí a bhaineann go speisialta le cáilíocht nó ar ghnéithe den CEAS. | R1–R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| Uirlisí praiticiúla a aithint agus a roinnt, lena n-áirítear córais monatóireachta, chun tacú leis an gcáilíocht i bpróiseas cinnteoireachta tearmainn na mBallstát agus gnéithe eile den CEAS.<br><br>Nuashonrú ar liosta na dtionscadal agus na dtionscnamh cáilíochta. | R1–R4 | Líon na n-uirlisí cáilíochta agus meicníochtaí atá aitheanta;<br>Liosta na dtionscadal agus na dtionscnamh cáilíochta nuashonraithe. |

| | | |
|---|---|---|
| Eagraigh suas le sé cheardlann EASO um chomhar praiticiúil do shaineolaithe chun tacú le forbairt ar uirlisí a bhaineann le cáilíocht chun cuidiú le Ballstáit i bhfeidhmiú an CEAS.<br>Foilsigh suas le dhá uirlis um phróisis cháilíochta. | R1–R4 | Líon na gceardlann do shaineolaithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Líon na n-uirlisí praiticiúla forbartha agus foilsithe;<br>Úsáid na n-uirlisí um phróisis cháilíochta. |
| **Buiséad** | 3203 Cáilíocht próisis | |
| **Acmhainní daonna** | Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais | |

## 3.3. Faisnéis na tíre tionscnaimh (COI)

| Faisnéis na tíre tionscnaimh (COI) | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Féachann EASO le córas cuimsitheach COI de chuid an AE a fhorbairt, trí chaighdeáin a ardú agus a chomhchuibhiú in éineacht leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach trí chur chuige líonra.<br>Nuair is féidir, bainfidh EASO úsáid as an saineolas atá ag eagraíochtaí idirnáisiúnta cumasacha, ar nós UNHCR, an lucht acadúil agus saineolaithe na sochaí sóisialta ina cuid oibre COI. | |
| **Nua in 2014** | Déanfaidh EASO tuilleadh forbartha ar chumas COI an AE faoi na paraiméadair seo a leanas: féidearthacht, éifeachtúlacht agus comhchuibhiú. Déanfaidh EASO líonraí COI sainiúla a bhunú agus a chomhordú, lena n-áirítear saineolaithe na mBallstát, ar thíortha tionscnaimh ag leibhéal an AE. Déanfaidh na líonraí COI na táirgí COI atá ann cheana a mhapáil agus b'fhéidir ábhair COI a tháirgeadh (m.sh. tuarascálacha, bileoga fíorasacha) ag teacht le modheolaíocht EASO um COI. Cuirfear toradh na líonraí ar an tairseach COI laistigh de chóras ginearálta cáipéisíochta EASO. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thairseach COI, ag nascadh bunachar sonraí COI náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag soláthar teasárais agus Ceisteanna Coitianta. | R1–R4 | Líon na gcáipéisí a nasctar leo tríd an tairseach;<br>Líon na mbunachar atá nasctha leis an tairseach;<br>Líon na n-úsáideoirí. |
| Déan mapáil ar an taighde COI ar fad atá ar fáil faoi láthair agus aithin bearnaí atá le líonadh. | R1–R4 | Líon agus cineál na dtáirgí COI ag leibhéal an Bhallstáit atá mapáilte. |
| Bunaigh suas le cúig líonra speisialta EASO um chomhar praiticiúil ar thíortha tionscnaimh ar leith agus tionól cruinnithe tionscnaimh do gach ceann acu. | R1–R4 | Líon na líonraí a bhunaítear;<br>Líon na rannpháirtithe sna líonraí;<br>Líon na gcruinnithe tionscnaimh. |
| Déan meastóireacht ar obair na líonraí COI a bunaíodh in 2013. | R4 | Líon na meastóireachtaí;<br>Úsáid thoradh na meastóireachtaí. |
| Forbair suas le cúig tháirge COI trí na líonraí seo bunaithe ar mhodheolaíocht tuairiscithe EASO do COI. | R1–R4 | Líon agus cineál na dtáirgí a fhorbrófar trí na líonraí;<br>Úsáid na dtáirgí. |
| Déan modheolaíocht EASO do COI a leasú agus a fheabhsú. | R2–R3 | Modheolaíocht EASO do COI leasaithe;<br>Úsáid thoradh an leasaithe;<br>Úsáid mhodheolaíocht EASO do COI. |
| Eagraigh suas le ceithre chruinniú EASO um chomhar praiticiúil ar thopaicí ar leith atá ina n-ábhar suime do líonraí. | R1–R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| Eagraigh suas le dhá chruinniú straitéiseach do líonra COI. | R2, R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |

| | | |
|---|---|---|
| Eagraigh suas le dhá chruinniú do riarthóirí náisiúnta tairsigh COI agus seisiúin oiliúna. | R2, R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| Cuir i dtoll suas le dhá thuarascáil EASO ar COI nó táirgí eile a bhaineann le COI. | R2, R4 | Líon agus cineál na dtuarascálacha COI;<br>Úsáid a bhaintear as tuarascálacha COI. |
| **Buiséad** | 3204 Faisnéis na tíre tionscnaimh | |
| **Acmhainní daonna** | Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse | |

## 3.4. Comhar praiticiúil EASO

| **Comhar praiticiúil** | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Eagróidh EASO gníomhaíochtaí um chomhar praiticiúil do Bhallstáit, don Choimisiún Eorpach agus do pháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear comhdhálacha, ceardlanna, cruinnithe saineolaithe agus líonraí speisialta, d'fhonn plé a dhéanamh agus gníomh a ghlacadh maidir le ceisteanna éagsúla atá ábhartha leo ar fud an AE i réimse an tearmainn (m.sh. ar pholasaí, léirmhíniú ar dhlí tearmainn an AE, staideanna i dtíortha tionscnaimh, dea-chleachtais, sruthanna éigeandála, srl.) | |
| **Nua in 2014** | Déanfar na ceardlanna uile atá sainiúil do thír, na ceardlanna dlí agus na ceardlanna téamacha, cruinnithe saineolaithe, comhdhálacha agus líonraí uile EASO a ghrúpáil faoi cheannteideal an chomhair phraiticiúil, agus déanfar iad a ailíniú leis an bpacáiste tearmainn athmhúnlaithe an AE i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach. Is éard is comhar praiticiúil EASO ann ná coincheap agus modheolaíocht atá forbartha le tacaíocht ó pháirtí oibre sa chéad dhá bhliain d'oibríochtaí EASO. Leanann gníomhaíochtaí dá leithéid an mhodheolaíocht chéanna agus tá siad ceaptha le torthaí a chruthú ar féidir iad a leanúint agus monatóireacht a dhéanamh orthu laistigh den chomhthéacs níos leithne d'obair EASO. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Tionól 28 ngníomhaíocht um chomhar praiticiúil (*1). | R1–R4 | Líon na ngníomhaíochtaí;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh gach gníomhaíochta. |

(*1) Tugtar sonraí ar na gníomhaíochtaí aonair EASO um chomhar praiticiúil agus a mbuiséad agus leithdháileadh acmhainní daonna i rannóga éagsúla an chláir oibre.

## 3.5. Cláir shainiúla

Glacfaidh EASO páirt i gcláir shainiúla agus forbróidh sí gníomhaíochtaí spriocdhírithe d'fhonn cur le feidhmiú réimsí ar leith den CEAS ag teacht leis an bpacáiste tearmainn athmhúnlaithe ar nós comhar leis na cúirteanna agus binsí fiosrúcháin, mionaoisigh neamhthionlactha agus gáinneáil ar dhaoine.

### 3.5.1. Comhar le comhaltaí binsí fiosrúcháin agus cúirteanna

| Comhar EASO le cúirteanna agus binsí fiosrúcháin | |
|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | D'fhonn tacú le feidhmiú iomlán agus comhleanúnach ar an CEAS, tugann EASO tacaíocht do chúirteanna agus binsí fiosrúcháin na mBallstát trí chomhullmhúchán d'ábhair um fhorbairt ghairmiúil, comhrá a spreagadh i measc chúirteanna agus binsí fiosrúcháin na hEorpa agus na mBallstát agus ceardlanna ardleibhéil a eagrú do bhaill de chúirteanna agus binsí fiosrúcháin na hEorpa agus na mBallstát.<br>Forbrófar gníomhaíochtaí EASO le meas do neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbinsí fiosrúcháin, cuirfidh siad dlí-eolaíocht na hEorpa agus na mBallstát san áireamh agus díreoidh siad ar ionstraimí dlí an CEAS. Cuirfear na gníomhaíochtaí i bhfeidhm i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach. |
| **Nua in 2014** | In 2014, daingneoidh EASO a comhar le cúirteanna agus binsí fiosrúcháin na hEorpa agus na mBallstát. Tionólfaidh EASO comhdháil le cúirteanna agus binsí fiosrúcháin na hEorpa agus na mBallstát chun a gníomhaíochtaí a sheoladh, foilseoidh sí na chéad ábhair EASO um fhorbairt ghairmiúil agus leanfaidh sí den chomhrá agus den chomhar a éascú i measc chúirteanna agus bhinsí fiosrúcháin na hEorpa agus na mBallstát. |

| Feidhmíocht | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Glacadh le páipéar coincheapa EASO ar sholáthar na tacaíochta do chúirteanna agus binsí fiosrúcháin na mBallstát. | R1 | Glacadh leis an bpáipéar coincheapa;<br>Líon na gcúirteanna agus na mbinsí fiosrúcháin páirteach sa phróiseas. |
| Eagraigh comhdháil EASO amháin um chomhar praiticiúil do bhaill na gcúirteanna agus na mbinsí fiosrúcháin. | R2, R3 | Comhdháil eagraithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na comhdhála. |
| Eagraigh cruinniú bliantúil amháin agus ceardlann phraiticiúil ardleibhéil EASO amháin um chomhar praiticiúil do bhaill na gcúirteanna agus na mbinsí fiosrúcháin. | R4 | Líon na gcruinnithe agus na ceardlainne;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Líon na gcúirteanna agus na mbinsí fiosrúcháin gafa le gníomhaíochtaí EASO;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe bliantúil agus na ceardlainne ardleibhéil. |
| Eagraigh suas le trí chruinniú saineolais EASO um chomhar praiticiúil ar fhorbairt na tacaíochta EASO do bhaill na cúirteanna agus na mbinsí fiosrúcháin. | R1–R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| Déan suas le dhá uirlis tacaíochta a fhorbairt agus a dháileadh, ar fáil do bhaill na gcúirteanna agus na binsí fiosrúcháin. | R1–R4 | Líon na n-uirlisí tacaíochta forbartha agus dáilte;<br>Líon na bhfoilseachán;<br>Úsáid na n-uirlisí tacaíochta. |
| **Buiséad** | 3202 Oiliúint | |
| **Acmhainní daonna** | Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais. | |

### 3.5.2. Gníomhartha EASO sa phlean gníomhaíochta do mhionaoisigh neamhthionlactha

| Gníomhaíochtaí EASO sa phlean gníomhaíochta do mhionaoisigh neamhthionlactha | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Soláthróidh EASO tacaíocht agus forbróidh sí comhar praiticiúil idir Bhallstáit ar cheisteanna a bhaineann le mionaoisigh neamhthionlactha laistigh de chreat phlean gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh ar mhionaoisigh neamhthionlactha (2010–14) agus ag cur san áireamh an obair ghinearálta ar chosaint leanaí agus ar chosaint chearta an linbh forbartha ag, inter alia, an Coimisiún Eorpach agus an FRA. Díreoidh EASO ar chritéir a aithint agus a fhorbairt do dhea-chleachtais maidir le mionaoisigh neamhthionlactha mar chuid d'fheidhmiú an CEAS. | |
| **Nua in 2014** | In 2014, déanfaidh EASO comhdhlúthú ar nithe téamacha atá déanta cheana agus tacóidh le Ballstáit ar phríomhnithe eile mar atá aitheanta sa phlean gníomhaíochta. Féachann EASO le tógáil ar chomhar praiticiúil agus obair le grúpaí saineolaithe ábhartha eile chomh maith le hinstitiúidí AE, ach go háirithe an Coimisiún Eorpach, agus gníomhaireachtaí agus eagrais eile an AE, ar nós CEPOL, an FRA, Frontex agus an Oifig Eorpach Póilíní (Europol). | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Eagraigh comhdháil bhliantúil EASO um chomhar praiticiúil ar mhionaoisigh neamhthionlactha. | Q 4 | Líon agus cineál na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na comhdhála. |
| Eagraigh suas le ceithre chruinniú téamach EASO um chomhar praiticiúil ar mhionaoisigh neamhthionlactha. | R1–R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon agus cineál na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| Forbair agus foilsigh cáipéis ar rianú teaghlaigh. | R1–R4 | Cáipéis ar rianú teaghlaigh forbartha agus foilsithe;<br>Úsáid na cáipéise ar rianú teaghlaigh. |
| Déan measúnú agus nuashonrú ar lámhleabhar an mheasúnaithe aoise. | R1–R2 | Meastóireacht agus nuashonrú déanta ar lámhleabhar an mheasúnaithe aoise;<br>Úsáid thoradh na meastóireachta. |
| **Buiséad** | 3203 Cáilíocht próisis | |
| **Acmhainní daonna** | Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais | |

### 3.5.3. Gáinneáil ar dhaoine

| Gníomhaíochtaí EASO i dtreo gáinneáil ar dhaoine a scrios | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Féachann EASO le tacú le straitéis i dtreo gáinneáil ar dhaoine a scrios (2012–16) agus le feidhmiú comhleanúnach na straitéise. | |
| **Nua in 2014** | Déanfaidh EASO gnéithe de gháinneáil ar dhaoine (THB) a bhaineann le tearmann a chur sa phríomhshruth i ngníomhaíochtaí uile EASO agus tacóidh le comhleanúnachas beartais. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Glac páirt i ngníomhaíochtaí comhordaithe um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus gníomhaíochtaí comhair eile chun THB a chosc agus a chomhrac. | R1–R4 | Líon na gcomhchruinnithe a freastalaíodh orthu;<br>Líon na gcomhghníomhaíochtaí;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| Eagraigh cruinniú saineolaithe EASO amháin um chomhar praiticiúil le hionadaithe na mBallstát agus leis an gCoimisiún Eorpach ar gháinneáil ar dhaoine. | R1 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| **Buiséad** | 3203 Próisis cháilíochta | |
| **Acmhainní daonna** | Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais | |

## 3.6. Fáiltiú

| Córais agus coinníollacha fáiltithe | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Tosóidh EASO ar a hinniúlacht inmheánach a fhorbairt i gcórais agus coinníollacha fáiltithe i mBallstáit agus tabharfaidh sí sainmhíniú ar a ról ag cur san áireamh an tsaineolais atá ar fáil ar an réimse agus, i measc nithe eile, staidéir déanta ag Gréasán Imirce na hEorpa (EMN) ar an topaic. | | |
| **Nua in 2014** | Straitéis EASO a fhorbairt ar a ról tacaíochta maidir le córais agus coinníollacha fáiltithe na mBallstát ag teacht leis an bpacáiste tearmainn athmhúnlaithe. | | |
| **Feidhmíocht** | | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | | **Cathain** | **Táscairí** |
| Forbair straitéis EASO ar chórais fáiltithe. | | R4 | Straitéis EASO ar chórais fáiltithe forbartha. |
| Eagraigh cruinniú saineolaithe EASO amháin ar chórais agus coinníollacha fáiltithe. | | R2 | Cruinniú eagraithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe. |
| **Buiséad** | | 3301 Tacaíocht chothrománach do Bhallstáit a bhfuil brú ar leith orthu | |
| **Acmhainní daonna** | | Lárionad um Thacaíocht Oibríochta | |

## 3.7. Liosta EASO na dteangacha infhaighte

| Liosta EASO na dteangacha infhaighte | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Tacóidh EASO le Ballstáit rochtain réidh a bheith acu ar na teangacha infhaighte uile sna Ballstáit eile tríd liosta na dteangacha infhaighte. | |
| **Nua in 2014** | Déan athbhreithniú agus nuashonrú ar liosta na dteangacha infhaighte. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Déan athbhreithniú agus nuashonrú ar liosta na dteangacha infhaighte. | R1–R4 | Líon na n-athbhreithnithe agus na nuashonruithe;<br>Úsáid thoradh an athbhreithnithe;<br>Úsáid liosta na dteangacha infhaighte ag Ballstát. |
| **Buiséad** | 3301 Tacaíocht chothrománach do Bhallstáit a bhfuil brú ar leith orthu | |
| **Acmhainní daonna** | Lárionad um Thacaíocht Oibríochta | |

# 4. Tacaíocht speisialta

B'fhéidir go léireoidh córas luathrabhaidh agus ullmhachta EASO go bhfuil gá le tacaíocht speisialta do chórais tearmainn na mBallstáit, agus go beidh beartais tacaíochta speisialta ann dá bharr a chuireann ar chumas na mBallstáit a bheith ullamh níos fearr agus feabhas a bheith ar cháilíocht an phróisis tearmainn i gcomhthéacs an CEAS. Le linn 2014, leanfaidh EASO de thacaíocht speisialta a sholáthar don Iodáil ag teacht le plean tacaíochta speisialta EASO don Bhallstát sin. De bhreis air sin, mar is cuí, cuirfidh gníomhartha tacaíochta speisialta EASO le gníomhartha ar bith a dhéantar laistigh de chreat mheicníocht Airteagail 33 de rialachán Bhaile Átha Cliath III.

Is éard is tacaíocht speisialta ann ná:

- tacaíocht shaincheaptha;
- forbairt inniúlachta; agus
- athlonnú.

## 4.1. Tacaíocht shaincheaptha agus forbairt inniúlachta

| Tacaíocht do Bhallstáit le riachtanas speisialta | |
|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Forbróidh EASO beartais chun cuidiú le Ballstáit a bhfuil gá acu le tacaíocht speisialta maidir lena gcórais tearmainn agus fáiltithe.<br>Forbróidh EASO creat EASO do thacaíocht do chórais tearmainn agus fáiltithe na mBallstát. |
| **Nua in 2014** | Soláthraigh gníomhaíochtaí um fhorbairt inniúlachta chun réimsí géibheannacha a láidriú sna Ballstáit atá i gceist, i bhfianaise fheidhmiú phacáiste tearmainn athmhúnlaithe an CEAS. |

| Feidhmíocht | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Soláthraigh pleananna tacaíochta saincheaptha do Bhallstáit a bhfuil riachtanais ar leith acu, chun tacú lena gcumas chun a gcórais tearmainn a bhainistiú. | R1–R4 | Líon na bpleananna tacaíochta speisialta curtha i bhfeidhm;<br>Fráma ama inar féidir le EASO tacaíocht speisialta a sholáthar;<br>Leibhéal sástachta na mBallstát leis na beartais tacaíochta speisialta. |
| Forbair creat EASO do thacaíocht do chórais tearmainn agus fáiltithe na mBallstát. | R4 | Creat EASO do thacaíocht forbartha |
| **Buiséad** | 3302 Tacaíocht éigeandála | |
| **Acmhainní daonna** | Lárionad um Thacaíocht Oibríochta | |

## 4.2. Athlonnú

<table>
<tr><th colspan="3">Gníomhaíochtaí tacaíochta athlonnaithe ag leibhéal AE agus náisiúnta</th></tr>
<tr><td>Cuspóir(í) EASO</td><td colspan="2">Déanfaidh EASO malartú faisnéise agus dea-chleachtas ar athlonnú laistigh den AE a chothú, a éascú agus a chomhordú.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2014</td><td colspan="2">Modheolaíochtaí agus uirlisí speisialta a fhorbairt d'fheidhmiú an athlonnaithe laistigh den AE, ag teacht le conclúidí na Comhairle ar chreat coiteann d'fhíordhlúthpháirtíocht phraiticiúil i dtreo na mBallstát a bhfuil brú ar leith orthu ar a gcórais tearmainn, lena n-áirítear trí shruthanna imirce measctha agus cumarsáid an Choimisiúin Eorpaigh ar dhlúthpháirtíocht laistigh den AE (COM(2011) 835 deiridh).</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><td>Gníomhaíochtaí EASO in 2014</td><td>Cathain</td><td>Táscairí</td></tr>
<tr><td>Forbair modheolaíochtaí agus uirlisí d'athlonnú bunaithe ar an taithí ón tionscadal píolótach AE d'athlonnú laistigh den AE ó Mhálta (Eurema) agus beartais éagsúla athlonnaithe déthaobhacha.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na modheolaíochtaí agus na n-uirlisí forbartha;<br>Úsáid na modheolaíochtaí agus na n-uirlisí.</td></tr>
<tr><td>Páirt a ghlacadh sa fóram athlonnaithe bliantúil lena n-áirítear trí shonraí a sholáthar.</td><td>R3</td><td>Líon agus cineál na sonraí a sholáthraítear;<br>Úsáid na sonraí a sholáthraítear.</td></tr>
<tr><td>Tacú le beartais athlonnaithe féideartha aontaithe ag leibhéal an AE.</td><td>R1–R4</td><td>Líon agus cineál na mbearta a sholáthraítear.</td></tr>
<tr><td>Eagraigh suas le dhá chruinniú saineolais EASO um chomhar praiticiúil le hionadaithe na mBallstát, an Coimisiún Eorpach, UNHCR agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM).</td><td>R2, R4</td><td>Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe.</td></tr>
<tr><td>Buiséad</td><td colspan="2">3205 Athlonnú, athshocrú agus gné sheachtrach</td></tr>
<tr><td>Acmhainní daonna</td><td colspan="2">Lárionad um Thacaíocht Oibríochta</td></tr>
</table>

# 5. Tacaíocht éigeandála

De réir rialacháin bhunaidh EASO, tá EASO réidh le tacú le Ballstáit i staideanna éigeandála. Is féidir le Ballstáit a bhfuil brú ar leith orthu tacaíocht éigeandála a lorg ar EASO.

Ar bhunús an phlean tearmainn agus imirce don Ghréig, leanfadh EASO dá gníomhaíochtaí sa Ghréig faoi phlean oibriúcháin EASO céim II.

Baineann EASO lánúsáid as a sainordú d'fhonn tacú le Ballstáit eile atá faoi bhrú ar leith agus d'fhonn comhoibriú le comhlachtaí ábhartha, dála Frontex, i soláthar na tacaíochta sin. Mar is cuí, cuirfidh gníomhartha tacaíochta éigeandála EASO le gníomhartha ar bith a dhéantar laistigh de chreat mheicníocht Airteagail 33 de rialachán Bhaile Átha Cliath III.

## 5.1. Comhthiomsú idirghabhála tearmainn

| Comhthiomsú idirghabhála tearmainn EASO a bhunú agus a chothabháil | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Coinneoidh EASO comhthiomsú nuashonraithe de shaineolaithe d'fhonn comhthiomsú idirghabhála tearmainn (AIP) a bheith ann, coinneoidh sí línte cumarsáide oscailte leis na pointí teagmhála náisiúnta AIP (NCPanna) ar na gnéithe uile a bhaineann leis na foirne tacaíochta tearmainn agus soláthróidh cúnamh ar na nithe uile a bhaineann le coinníollacha imlonnaithe na bhfoirne sin. | |
| **Nua in 2014** | Le linn 2014, déanfaidh EASO staidéar freisin ar dhea-chleachtais agus uirlisí AE agus idirnáisiúnta chun saineolaithe a imlonnú. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Eagraigh suas le dhá chruinniú bliantúil leis na NCPanna AIP sna Ballstáit. | R2 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe bliantúil. |
| **Buiséad** | 3301 Tacaíocht chothrománach do Bhallstáit a bhfuil brú ar leith orthu | |
| **Acmhainní daonna** | Lárionad um Thacaíocht Oibríochta | |

## 5.2. An Ghréig

| Tacaíocht EASO don Ghréig | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Soláthróidh EASO tacaíocht éigeandála don Ghréig mar thoradh ar a n-iarratas. Leagtar tacaíocht gníomhaíochtaí uile EASO síos i bplean oibriúcháin EASO céim II don Ghréig (OP II) a chlúdaíonn an tréimhse ó 1 Aibreán 2013 go 31 Nollaig 2014. Bainisteoidh agus imlonnóidh EASO breis agus 70 saineolaí ainmnithe ag na Ballstáit i 55 fhoireann tacaíochta tearmainn (ASTanna) sa Ghréig in 2013–14. | |
| **Nua in 2014** | D'fhéadfaí a bheith ag súil le leasuithe féideartha ar an OP II ar iarratas ón nGréig. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Imlonnú AST agus beartais tacaíochta eile sa Ghréig de réir an OP II. | R1–R4 | Líon na nASTanna;<br>Líon na mbeartas tacaíochta eile;<br>Leibhéal sástachta na Gréige leis na beartais tacaíochta éigeandála. |
| **Buiséad** | 3302 Tacaíocht éigeandála | |
| **Acmhainní daonna** | Lárionad um Thacaíocht Oibríochta | |

## 5.3. Ullmhúchán don tacaíocht éigeandála

<table>
<tr><th colspan="3">Tacaíocht do Bhallstáit a bhfuil brú ar leith ar a gcóras tearmainn</th></tr>
<tr><td>Cuspóir(í) EASO</td><td colspan="2">Forbróidh EASO nósanna imeachta agus modheolaíochtaí oibríochta cuimsitheacha do thacaíocht éigeandála a chuireann leis na nósanna imeachta agus modheolaíochtaí sin a ainmníodh d’fheidhmiú mheicníocht Airteagail 33 rialacháin Bhaile Átha Cliath III.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2014</td><td colspan="2">Forbair treoirphlean d’imlonnú tacaíochta éigeandála amach anseo ag EASO chuig Ballstáit a bhfuil brú ar leith orthu ag teacht leis an bpacáiste tearmainn athmhúnlaithe. Beidh fócas speisialta ar rochtain éifeachtúil dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu ar na nósanna imeachta tearmainn.<br>Tugtar aird ar leith ar chomhar oibríochta le Frontex agus le páirtithe leasmhara eile chun beartais tacaíochta a ailíniú.</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><td>Gníomhaíochtaí EASO in 2014</td><td>Cathain</td><td>Táscairí</td></tr>
<tr><td>Tástáil nósanna imeachta do chomhar i staideanna éigeandála.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na nósanna imeachta a tástáladh;<br>Úsáid thorthaí na dtrialacha.</td></tr>
<tr><td>Eagraigh suas le dhá cheardlann EASO um chomhar praiticiúil le hionadaithe na mBallstát, an Coimisiún Eorpach agus saineolaithe seachtracha eile, d’fhonn nósanna imeachta a fhorbairt agus a thástáil agus d’fhonn treoirphlean a fhorbairt do thacaíocht éigeandála.</td><td>R2/R4</td><td>Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannphháirtithe;<br>Líon na nósanna imeachta a forbraíodh agus a tástáladh.</td></tr>
<tr><td>Buiséad</td><td colspan="2">3302 Tacaíocht éigeandála</td></tr>
<tr><td>Acmhainní daonna</td><td colspan="2">Lárionad um Thacaíocht Oibríochta</td></tr>
</table>

# 6. Tacaíocht anailíse agus faisnéise

Tá sé riachtanach faisnéis chruinn agus thráthúil a bheith ar shruthanna na n-iarrthóirí tearmainn reatha agus féideartha chuig an AE agus laistigh de, chomh maith le faisnéis iontaofa ar an gcaoi ina bhfuil córais náisiúnta ag déileáil le sruthanna dá leithéid, d'fhonn staid fhoriomlán an tearmann san AE a thuiscint, sa chaoi is go mbeidh Ballstáit chomh hullamh agus is féidir agus sa chaoi is go mbeidh EASO in ann tacaíocht éifeachtúil a sholáthar áit a bhfuil gá leis.

In 2014, déanfaidh EASO tuilleadh forbartha ar **chóras cáipéisíochta** ar chórais agus eagraíochtaí tearmainn na mBallstát, agus ar fhorbairtí fíorasacha, dlí agus cásdlí náisiúnta agus Eorpacha. Laistigh den chóras cáipéisíochta ginearálta seo, tógfaidh EASO na céimeanna tosaigh chun bunachar sonraí cásdlí a bhunú ar dhlí-eolaíocht Eorpach agus na mBallstát maidir le forálacha *acquis* tearmainn an AE.

Forbróidh EASO córas um bhailiú agus anailís ar shonraí ag feidhmiú trí idirghníomh leis an nGrúpa do Sholáthar Staitisticí (GPS) agus úsáidfidh an líonra chun aiseolas agus moltaí d'fheabhsú a bhailiú.

Samhlaíonn rialachán nua Bhaile Átha Cliath III inniúlachtaí breise do EASO. Éilíonn na tascanna nua seo ardú suntasach in acmhainní le leithdháileadh ag EASO chun na cuspóirí sa réimse seo a chomhlíonadh. Iarrann Airteagal 33 de Rialachán nua Bhaile Átha Cliath ar EASO príomhról a imirt i "meicníocht do luathrabhadh, ullmhacht agus bainistíocht géarchéime" i réimse an tearmainn.

Ina theannta sin, tabharfaidh tuarascáil bhliantúil EASO ar staid an tearmainn san AE forbhreathnú ar staid ghinearálta agus ar fheidhmiú an CEAS.

## 6.1. Córas cáipéisíochta EASO

<table>
<tr><th colspan="4">Córas cáipéisíochta EASO</th></tr>
<tr><td>Cuspóir(í) EASO</td><td colspan="3">Féachann EASO le córas cáipéisíochta a ullmhú ar eagrú chórais tearmainn na mBallstát, chomh maith le forbairtí fíorasacha, dlí agus cásdlí ag teacht leis an bpacáiste tearmainn athmhúnlaithe.<br>Laistigh den chóras cáipéisíochta ginearálta seo, tógfaidh EASO na céimeanna tosaigh chun bunachar sonraí cásdlí a bhunú ar dhlí-eolaíocht Eorpach agus na mBallstát maidir le forálacha acquis tearmainn an AE.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2014</td><td colspan="3">Déanfaidh EASO tuilleadh forbartha ar an gcóras seo, lena n-áirítear na céimeanna tosaigh i dtreo bhunachar sonraí cásdlí a bhunú.</td></tr>
<tr><th colspan="4">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><td colspan="2">Gníomhaíochtaí EASO in 2014</td><td>Cathain</td><td>Táscairí</td></tr>
<tr><td colspan="2">Bailigh sonraí rialta ó na Ballstáit ar a gcórais tearmainn.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na mBallstát ag soláthar na sonraí a lorgaítear;<br>Fráma ama ina gcuirtear na sonraí ar fáil.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Glac céimeanna chun bunachar sonraí cásdlí a bhunú ar dhlí-eolaíocht na hEorpa agus na mBallstát maidir le acquis tearmainn an AE.<br>Déan dlí-eolaíocht chuí Eorpach agus náisiúnta a roghnú agus a dháileadh.</td><td>R1–R4</td><td>Garspriocanna i dtreo bhunú an bhunachair cásdlí sroichte;<br>Líon na gcinntí náisiúnta agus/nó AE roghnaithe agus dáilithe;<br>Úsáid an bhunachair sonraí cásdlí.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Buiséad</td><td colspan="2">3103 Luathrabhadh agus anailís ar shonraí</td></tr>
<tr><td colspan="2">Acmhainní daonna</td><td colspan="2">Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse</td></tr>
</table>

## 6.2. Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san AE

| Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san AE | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Féachann EASO le forbhreathnú cuimsitheach a thabhairt ar an staid tearmainn san AE ar bhonn bliana chuig lucht déanta beartas an AE agus páirtithe leasmhara. Déantar an tuarascáil a dhréachtadh i gcomhar le tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin Eorpaigh ar inimirce agus tearmann. | |
| **Nua in 2014** | Áireoidh an tuarascáil bhliantúil ar thearmann athbhreithniú ar phríomhanailísí ar an gcóras luathrabhaidh agus ullmhachta, ar fheidhmiú an CEAS agus ar fhorbairtí dlí agus beartais, ar bhunús na sonraí agus na faisnéise a chuireann líonra EASO ar fáil, ach go háirithe an Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile, Eurostat, Ballstáit, UNHCR, Frontex agus eagrais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta eile. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| An tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san AE a dhréachtadh, a ghlacadh agus a fhoilsiú. | R2 | Tuarascáil bhliantúil glactha agus foilsithe;<br>Líon na bpáirtithe leasmhara ag soláthar ionchuir don tuarascáil bhliantúil;<br>Úsáid na Tuarascála Bliantúla. |
| **Buiséad** | 3102 Tuarascáil bhliantúil ar thearmann | |
| **Acmhainní daonna** | Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse | |

## 6.3. Córas luathrabhaidh agus ullmhachta

| Córas luathrabhaidh agus ullmhachta (EPS) | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Féachann le faisnéis agus anailísí atá cruinn agus tráthúil a thabhairt do na Ballstáit, don Choimisiún Eorpach, do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus do Pharlaimint na hEorpa maidir le sruthanna na n-iarrthóirí tearmainn chuig an AE agus laistigh de agus maidir le cumas na mBallstát freagairt dóibh.<br>Chuige sin, comhoibreoidh EASO leis an Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile, Eurostat, Frontex agus le comhpháirtithe institiúideacha agus páirtithe leasmhara eile.<br>Cuirfidh córas luathrabhaidh agus ullmhachta (EPS) EASO leis an meicníocht do luathrabhadh, ullmhacht agus bainistíocht géarchéime a bhfuil soláthar di in Airteagal 33 de rialachán athmhúnlaithe Bhaile Átha Cliath III. | |
| **Nua in 2014** | Bailigh agus anailísigh sonraí ar bhonn rialta chun foláirimh a thabhairt ar shruthanna nua nó athraithe agus ar chumas na mBallstát chun déileáil leo trí bhailiú agus anailís ar shonraí faoi thacar de tháscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla. Cruthaigh tuarascálacha ráithe agus míosa ar staid ghinearálta an tearmainn san AE agus tuarascálacha *ad hoc* ar thopaicí spéise ar leith. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Bailigh sonraí rialta ó Bhallstáit laistigh de chóras cáipéisíochta ginearálta EASO. | R1–R4 | Líon na mBallstát ag soláthar na sonraí a lorgaítear;<br>Fráma ama ina gcuirtear na sonraí ar fáil. |
| Cruthaigh tuarascálacha rialta (míosa agus ráithe). | R1–R4 | Líon na dtuarascálacha;<br>Fráma ama ina gcruthaítear na tuarascálacha;<br>Úsáid na dtuarascálacha. |
| Cruthaigh tuarascálacha *ad hoc*. | R1–R4 | Líon na dtuarascálacha;<br>Úsáid na dtuarascálacha. |
| Eagraigh dhá chruinniú GPS. | R2, R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| Comhordú le príomhpháirtithe leasmhara eile i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an EPS. | R1–R4 | Líon na ngníomhaíochtaí forbartha le príomhpháirtithe leasmhara eile;<br>Líon agus cineál na bpríomhpháirtithe leasmhara atá páirteach. |
| **Buiséad** | 3103 Luathrabhadh agus anailís ar shonraí | |
| **Acmhainní daonna** | Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse | |

# 7. Tacaíocht do thríú tíortha

Le linn 2014, beidh EASO in ann tabhairt faoi ghníomhaíochtaí spriocdhírithe d’fhonn tacú le feidhmiú ghné sheachtrach an CEAS. Is gníomhaíochtaí teicniúla a bheidh sa tacaíocht do thríú tíortha agus déanfar iad chun comhar oibríochta a éascú idir na Ballstáit agus tríú tíortha laistigh de chreat bheartas an AE um chaidreamh seachtrach. Forbrófar na tionscnaimh seo i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach.

## 7.1. Athshocrú

<table>
<tr><th colspan="3">Gníomhaíochtaí athshocraithe EASO</th></tr>
<tr><td>Cuspóir(í) EASO</td><td colspan="2">Beidh ról comhordaithe ag EASO i malartú faisnéise agus gníomhartha eile ar athshocrú a thógann Ballstáit i gcomhar le UNHCR agus IOM.<br>Féachann EASO le ról an AE a láidriú sa réimse seo d’fhonn freastal ar riachtanais cosanta idirnáisiúnta na ndídeanaithe i dtríú tíortha agus dlúthpháirtíocht a léiriú lena dtíortha óstála.</td></tr>
<tr><td>Nua in 2014</td><td colspan="2">Forbróidh EASO modheolaíochtaí agus uirlisí chun cumas na mBallstát le dídeanaithe a athshocrú a láidriú.</td></tr>
<tr><th colspan="3">Feidhmíocht</th></tr>
<tr><td>Gníomhaíochtaí EASO in 2014</td><td>Cathain</td><td>Táscairí</td></tr>
<tr><td>Déan tuilleadh forbartha ar mhodheolaíochtaí agus uirlisí chun cumas na mBallstát le dídeanaithe a athshocrú a láidriú agus cuir le meastóireacht leanúnach agus le tuilleadh forbartha ar chomhchlár athshocraithe an AE.</td><td>R1–R4</td><td>Líon na modheolaíochtaí agus na n-uirlisí atá forbartha;<br>Úsáid na modheolaíochtaí agus na n-uirlisí.</td></tr>
<tr><td>Eagraigh cruinniú saineolaithe EASO amháin um chomhar praiticiúil le rannpháirtíocht na mBallstát, an Choimisiúin Eorpaigh, UNHCR, IOM agus chomhpháirtithe cuí eile.</td><td>R3</td><td>Cruinniú saineolaithe bliantúil eagraithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe.</td></tr>
<tr><td>Buiséad</td><td colspan="2">3205 Athlonnú, athshocrú agus gné sheachtrach</td></tr>
<tr><td>Acmhainní daonna</td><td colspan="2">Lárionad um Thacaíocht Oibríochta</td></tr>
</table>

## 7.2. Gné sheachtrach

| Gníomhaíochtaí EASO ar an ngné sheachtrach | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Déanfaidh EASO iarracht tacú le gné sheachtrach an CEAS i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach agus laistigh de chreat bheartas an AE um chaidreamh seachtrach. | |
| **Nua in 2014** | Déanfaidh EASO a straitéis um an ghné sheachtrach a dhréachtadh agus a leabú laistigh den chlár oibre ilbhliantúil (MAWP) 2014–16. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Eagraigh ceardlann EASO amháin um chomhar praiticiúil ar eilimintí maidir le straitéis EASO um an ghné sheachtrach. | R1 | Ceardlann eagraithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na ceardlainne. |
| Cuir tús le feidhmiú na straitéise EASO um an ghné sheachtrach mar atá leabaithe sa MAWP 2014–16. | R1 | Líon na ngníomhaíochtaí faoin straitéis um an ghné sheachtrach curtha i bhfeidhm. |
| Tacaigh le forbairt inniúlachta i gcórais tearmainn agus fáiltithe thríú tíortha comharsanacha an AE, ach go háirithe a gcumas le cosaint éifeachtúil a sholáthar. | R1–R4 | Líon na dtríú tíortha atá páirteach;<br>Líon agus cineál na mbeartas tacaíochta atá curtha i bhfeidhm. |
| Tacú le tríú tíortha comharsanacha an AE d'fhonn riachtanais cosanta idirnáisiúnta na ndídeanaithe i dtríú tíortha a bhailiú agus dlúthpháirtíocht a léiriú lena dtíortha óstála. | R2–R4 | Líon na dtríú tíortha atá páirteach;<br>Líon agus cineál na mbeartas tacaíochta atá curtha i bhfeidhm. |
| Tacú le feidhmiú na gclár cosanta réigiúnacha agus gníomhartha eile a bhaineann le réitigh mharthanacha i dtríú tíortha. | R3–R4 | Líon na gclár cosanta réigiúnacha atá páirteach;<br>Líon agus cineál na mbeartas tacaíochta atá curtha i bhfeidhm. |
| **Buiséad** | 3205 Athlonnú, athshocrú agus gné sheachtrach | |
| **Acmhainní daonna** | Lárionad um Thacaíocht Oibríochta | |

# 8. Creat agus líonra EASO

Is féidir comhthéacs EASO a léiriú mar seo a leanas:




## 8.1. Bord Bainistíochta

Is é an Bord Bainistíochta bord rialaithe agus pleanála EASO. Leagtar amach príomhfheidhmeanna an Bhoird Bhainistíochta in Airteagal 29 den rialachán EASO, lena n-áirítear an stiúrthóir feidhmiúcháin a cheapadh agus glacadh le cláir oibre, buiséad agus tuarascálacha bliantúla EASO. Tá freagracht foriomlán ag an mBord Bainistíochta as a chinntiú go bhfeidhmíonn EASO a cuid dualgais go héifeachtúil. Tá ball amháin as gach Ballstát ar Bhord Bainistíochta EASO — ach amháin ón Danmhairg, a dtugtar cuireadh di freastal mar bhreathnóir — beirt bhall ón gCoimisiún Eorpach agus ball amháin ón UNHCR, nach gcaitheann vóta. Ceaptar na baill uile ar bhonn a saintaithí, a ndualgas gairmiúil agus ardleibhéal saineolais i réimse an tearmainn. Tugtar cuireadh don Danmhairg freastal mar bhreathnóir ag cruinnithe uile an Bhoird Bhainistíochta agus cruinnithe cuí eile.

Mar sin, tá 29 mball iomlán, ball amháin nach gcaitheann vóta (UNHCR) agus stát breathnóra amháin ar Bhord Bainistíochta EASO.

Tugtar cuireadh do na tíortha comhlachaithe (an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis) páirt a ghlacadh sa phlé mar bhreathnóirí, de réir na socruithe a cuireadh i gcrích in 2013.

Tugtar cuireadh do Frontex cur le, agus freastal ar, phlé áirithe de chuid an Bhord Bhainistíochta, ach go háirithe maidir le staid an tearmainn san AE, the córas luathrabhaidh agus ullmhachta agus an staid sa Ghréig.

In 2014, tá sé beartaithe ag EASO trí chruinniú den Bhord Bainistíochta a eagrú, agus an rogha ann tuilleadh cruinnithe a bheith ann mar is gá ar thionscnamh an chathaoirligh nó ar iarratas ó thrian dá bhaill.

| Bord Bainistíochta EASO | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Féachann EASO lena chinntiú go leanann a Bord Bainistíochta ag comhlíonadh a tascanna go héifeachtúil mar bhord rialaithe agus pleanála EASO. | | |
| **Nua in 2014** | Glacfaidh na tíortha comhlachaithe páirt mar bhreathnóirí i gcruinnithe an Bhoird Bhainistíochta de réir na socruithe a cuireadh i gcrích in 2013. | | |
| **Feidhmíocht** | | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | | **Cathain** | **Táscairí** |
| Eagraigh trí chruinniú den Bhord Bainistíochta agus an rogha ann tuilleadh cruinnithe a bheith ann ar thionscnamh an chathaoirligh nó ar iarratas ó thrian dá bhaill. | | R2–R4 | Líon na gcruinnithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe. |
| **Buiséad** | | 2306 Caiteachais riaracháin ghinearálta agus cruinnithe seachtracha | |
| **Acmhainní daonna** | | Oifig Fheidhmiúcháin | |

## 8.2. Líonra comhair EASO

### 8.2.1. Comhar le Parlaimint na hEorpa, le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún Eorpach

Mar ghníomhaireacht rialaitheach dhílárnaithe AE lena struchtúr rialaithe féin, gníomhaíonn EASO laistigh de bheartais agus de chreat institiúideach an AE. Sa chomhthéacs seo, tá freagracht pholaitiúil as réimse an tearmainn ag an Coimisinéir Eorpach atá freagrach as gnóthaí baile agus, mar sin, tá naisc láidre comhair leis an gCoimisiún Eorpach ar ghníomhaíochtaí uile EASO. In 2014 tabharfar cuireadh don Choimisiún Eorpach a thuairim a thabhairt ar cháipéisí ar leith le glacadh ag Bord Bainistíochta EASO de réir fhorálacha cuí rialacháin EASO. Beidh cruinnithe rialta ag na leibhéil uile agus físchomhdhálacha a bhaineann le beartas leis an Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile ann ar feadh 2014. Ina theannta sin, le linn 2014, comhordóidh EASO leis an gCoimisiún Eorpach dréachtadh thuarascálacha. Tarraingeoidh EASO agus EMN ar na sonraí céanna ó na Ballstáit dá bhfaisnéis uile agus iad ag dréachtadh tuarascálacha ar nós tuarascáil bhliantúil EASO. Glacfaidh EASO páirt i gcruinnithe NCP EMN agus cruinnithe a Bhoird Stiúrtha agus cruinnithe téamacha ábhartha.

Ag teacht le rialachán EASO, seolfaidh EASO a clár oibre bliantúil agus a tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí chuig Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an gCoimisiún Eorpach. Tugtar cuireadh don stiúrthóir feidhmiúcháin go rialta tuairisciú don Chomhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile maidir leis an CEAS. Ina theannta sin, tugtar cuireadh don stiúrthóir feidhmiúcháin clár oibre EASO, chomh maith le topaicí sainiúla a bhaineann le hobair EASO, a chur i láthair Pharlaimint na hEorpa.

In 2014, beidh ról tacaíochta ag EASO sa chreat airgeadais ilbhliantúil agus na socruithe nua ar mhaoiniú an AE i réimse an tearmainn agus na himirce. Maidir leis seo, tabharfaidh EASO faisnéis ar thosaíochtaí oibríochta an AE agus ar thosaíochtaí sainiúla na mBallstát a d'fhéadfadh a chur san áireamh do mhaoiniú spriocdhírithe.

Comhlíonfaidh EASO a ról institiúideach laistigh de chomhthéacs na meicníochta a bhfuil soláthar di in Airteagal 33 de rialachán Bhaile Átha Cliath III trí ghníomh a dhéanamh agus trí eolas a thabhairt do na hinstitiúidí cuí atá bainteach le céimeanna éagsúla na meicníochta.

### 8.2.2. Comhar le UNHCR agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile

I gcomhlíonadh a cuid tascanna, oibríonn EASO i ndlúthchomhar le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) agus le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus idir-rialtasacha eile.

Maidir le UNHCR, comhoibríonn EASO go dlúth leis an UNHCR, agus áiritear é, sna réimse uile atá clúdaithe ag rialachán EASO. In 2013, shínigh EASO agus UNCHR socrúchán oibre. Ar an mbunús sin, in 2014 láidreofar an comhar, go háirithe maidir le hoiliúint, próisis cháilíochta, mionaoisigh neamhthionlactha, athshocrú, an ghné sheachtrach den Chomhchóras Eorpach Tearmainn agus réimse na tacaíochta speisialta agus éigeandála. Leanfar de chomhar struchtúrtha sna réimsí uile. Glacann UNHCR páirt i mBord Bainistíochta EASO mar chomhalta gan vóta agus tabharfar cuireadh dó, mar is cuí, chuig cruinnithe pháirtí oibre EASO. Ina theannta sin, ba chóir a threisiú go leanfaidh buanoifig chaidrimh UNHCR le EASO, atá lonnaithe i Málta, dá cuid gníomhaíochtaí in 2014.

Le linn 2014, beidh dlúth-theagmháil ag EASO freisin le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus idir-rialtasacha eile atá ag obair i réimsí an tearmainn, amhail Comhairle na hEorpa, Ard-Stiúrthóirí na Comhdhála Seirbhísí Inimirce (GDISC), na Comhairliúcháin Idir-Rialtasacha ar Imirce, Tearmann agus Dídeanaithe (IGC) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM). Maidir le Comhairle na hEorpa agus the IOM, tabharfaidh EASO faoi mhalartú tuairimí go rialta leo agus cuirfidh sí lena gcuid oibre in 2014. Maidir le GDISC, cuirfidh EASO go gníomhach lena chuid oibre, ag glacadh páirt i roinnt de chomhdhálacha agus de cheardlanna GDISC, agus, ar bhunús mhalartú litreacha leis an IGC, tabharfar cuireadh rialta do EASO chuig roinnt de ghrúpaí oibre an IGC agus tabharfar cuireadh don stiúrthóir feidhmiúcháin a bheith i láthair ag babhta iomlán an IGC.

### 8.2.3. Comhar le gníomhaireachtaí AE agus le gníomhaireachtaí um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

**Líonra ghníomhaireachtaí AE**

Cothaíonn EASO comhar láidir le gníomhaireachtaí AE eile mar bhall den Líonra Comhordaithe Idir-Ghníomhaireachta. In 2014, beidh na gníomhaíochtaí dírithe ar mhalartú na modhanna oibre agus dea-chleachtais um riarachán agus gnóthaí ginearálta, ach go háirithe i réimse na feidhmíochta, an bhuiséadaithe nó na bainistíochta gníomhaíocht-bhunaithe nó coimhlinte leasa.

In 2014, leanfaidh EASO, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, i bhfeidhmiú an chuir chuige choitinn ar ghníomhaireachtaí díláraithe an AE agus a threochlár.

Glacfaidh EASO páirt sna gníomhaíochtaí cuí a eagrófar in 2014 i gcreat an líonra feidhmíochta agus an Líonra Dlíthiúil Idir-Ghníomhaireachta (IALN), ar chuaigh EASO isteach ann go foirmiúil in 2013.

**Líonra na ngníomhaireachtaí um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (JHA)**

Tá EASO ina ball freisin den chomhar idir-ghníomhaireachta um cheartas agus um ghnóthaí baile (JHA), in éineacht le Frontex, an FRA, Europol, Eurojust, CEPOL, an Ghníomhaireacht Eorpach um Bhainistíocht Oibríochtúil na gCóras TF ar Mhórscála i Réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais (eu-LISA), an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA), an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) agus an Oifig Frith-Chalaoise Eorpach (OLAF).

In 2014, beidh EASO mar chathaoirleach ar an líonra agus eagróidh sí cruinniú amháin do cheannasaithe na ngníomhaireachtaí JHA. De bhreis air sin, beidh suas le ceithre chruinniú den ghrúpa teagmhála JHA agus ócáidí gaolmhara ann. Le linn 2014, díreoidh an líonra ar mhalartú faisnéise a bhaineann le topaicí sainiúla do JHA d'fheidhmiú an chuir chuige choitinn ar ghníomhaireachtaí díláraithe an AE agus ar fhéidearthachtaí a fhiosrú chun gníomhartha a chomhordú i gcomhthéacs na gclár ilbhliantúla JHA.

**Frontex**

Ar bhunús an tsocrúcháin oibre a shínigh Frontex agus EASO i Meán Fómhair na bliana 2012, leanfar den chomhar atá ann faoi láthair le linn 2014. Cuirfidh Frontex agus EASO le feidhmiú an chomhair inbhuanaithe ar chláir oiliúna, ar thionscnaimh cháilíochta agus COI, chomh maith le cláir thacaíochta éigeandála, amhail an comhar leis an nGréig. Ina theannta sin, feabhsóidh Frontex agus EASO an comhar atá idir a n-aonad anailíse ar an gcóras luathrabhaidh agus ullmhachta. Déanfaidh EASO comhoibriú le Frontex ar fhorbairt na ngníomhaíochtaí ábhartha i réimse na gné seachtraí in 2014. Coinneoidh Frontex agus EASO a gcomhar i dtaobh gníomhaíochtaí a chéile maidir leis an sochaí shibhialta, lena n-áirítear i gcomhthéacs a bhfóram comhairleacha faoi seach. In 2014, leanfaidh EASO le páirt a ghlacadh mar bhall d'Fhóram Comhairleach Frontex.

**FRA**

Leanfaidh FRA agus EASO ag tógáil ar an gcomhar atá ann cheana in 2014 ag teacht leis an socrúchán oibre a shínigh an dá ghníomhaireacht i Meitheamh 2013. Leanfaidh FRA agus EASO de chomhroinnt faisnéise, ag soláthar ionchuir do ghníomhaíochtaí taighde agus comhroinnt modheolaíochtaí taighde agus bailiú sonraí. Leanfaidh an dá eagraíocht dá gcomhar i réimse na hoiliúna. In 2014, leanfar den chomhar maidir le gníomhaíochtaí comhairliúcháin a chéile.

**Europol**

In 2014, cuirfidh Europol agus EASO leis an gcomhar eatarthu, go háirithe i réimse an chórais luathrabhaidh agus ullmhachta agus i réimse na gáinneála ar dhaoine agus mionaoisigh neamhthionlactha. Réimsí breise comhair is ea oiliúint, m.sh. san aitheantas ar rannpháirtíocht na coireachta eagraithe a chuidíonn le cáipéisí bréagacha nó brionnaithe in éilimh tearmainn, agus taithí a mhalartú le Fóram Comhairleach EASO agus modhanna comhairliúcháin.

**CEPOL**

Déanfaidh CEPOL agus EASO breis forbartha ar chomhar maidir le malartú modheolaíochtaí oiliúna agus tá EASO toilteanach comhoibriú laistigh de chreat na gclár malartaithe do phóilíní. Beidh EASO páirteach in oiliúint fhéideartha CEPOL ar inimirce mhídhleathach agus ar gháinneáil ar dhaoine.

**Eurojust**

Leanfaidh EASO agus Eurojust de theagmhálacha agus caidreamh lena chéile, ach go háirithe trí bhealach an chomhair idirghníomhaireachta um cheartas agus um ghnóthaí baile.

| Líonra na ngníomhaireachtaí um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (JHA) | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Féachann EASO le feabhas a chur ar an gcomhar idirghníomhaireachta iltaobhach sa réimse JHA le fócas speisialta ar mhalartú faisnéise a bhaineann le topaicí sainiúil do JHA d'fheidhmiú an chuir chuige choitinn ar ghníomhaireachtaí díláraithe an AE agus ar fhéidearthachtaí a fhiosrú do ghníomhartha a chomhordú i gcomhthéacs na gclár ilbhliantúla JHA. | |
| **Nua in 2014** | Beidh EASO mar chathaoirleach ar líonra na ngníomhaireachtaí JHA le linn 2014. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Eagraigh cruinniú amháin do cheannasaithe na ngníomhaireachtaí JHA. | R4 | Cruinniú amháin do cheannasaithe na ngníomhaireachtaí JHA eagraithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe. |
| Eagraigh suas le trí chruinniú nó ócáid don ghrúpa teagmhála JHA. | R1–R4 | Líon na gcruinnithe nó na n-ócáidí eagraithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh na gcruinnithe nó na n-ócáidí. |
| **Buiséad** | 2306 Caiteachais riaracháin ghinearálta agus cruinnithe seachtracha | |
| **Acmhainní daonna** | Oifig Fheidhmiúcháin | |

### 8.2.4. Comhar le lucht acadúil agus comhaltaí binsí fiosrúcháin agus cúirteanna

Díríonn EASO aird ar leith ar chaidreamh leis an saol acadúil agus le comhaltaí binsí fiosrúcháin agus cúirteanna na hEorpa agus na Ballstát.

In 2014, beidh an saol acadúil páirteach in obair EASO trí fhóraim éagsúla, lena n-áirítear gníomhaíochtaí forbartha oiliúna. Leanfaidh an saol acadúil lena ról mór san Fhóram Comhairleach agus i gcruinnithe saineolaithe.

Le linn 2014, beidh dlúth-chomhoibriú idir EASO agus comhaltaí binsí fiosrúcháin agus cúirteanna, lena n-áirítear tríd Cumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dlí Dídeanaithe (IARLJ) agus a chaibidil Eorpach, chomh maith le Cumann Breithiúna Riaracháin na hEorpa (AEAJ).

Tá na gníomhaíochtaí nithiúla a fhorbrófar le linn 2014 sainithe cheana féin i Roinn 3.5.1.

## 8.3. Fóram Comhairleach

Meicníocht is ea an Fóram Comhairleach chun faisnéis a mhalartú agus chun eolas a chomhthiomsú idir EASO agus páirtithe leasmhara cuí. Le dhá bhliain anuas, tá EASO tar éis a chaidreamh a dhoimhniú leis an tsochaí shibhialta agus tá a comhairle lorgtha ar théamaí éagsúla. Le linn na bliana 2014, ag teacht le féilire comhairliúcháin EASO 2014, leanfaidh EASO de chomhairliúchán a dhéanamh le heagraíochtaí cuí ar théamaí sainiúla, ag baint úsáide as na critéir roghnúcháin a thugtar i bplean oibríochta an Fhóraim Chomhairligh. Rachaidh EASO i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta freisin le linn na céime dréachtaithe de chlár oibre 2015, an tuarascáil bhliantúil agus táirgí eile ag baint úsáide as réimse d'uirlisí a measadh a bheith oiriúnach agus éifeachtúil go dtí seo.

Le linn 2014, forbróidh EASO a hardán ríomh-chomhairliúcháin mar fhorbairt bhreise ar an "leathanach comhairliúcháin" ar shuíomh gréasáin EASO. Bainfear úsáid as an ardán do chomhairliúcháin gréasáin agus do nithe cumarsáide eile leis an tsochaí shibhialta. Leanfar ag baint úsáide as an Idirlíon mar phríomhbhealach chun

dul i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta. Bunaithe ar an taithí a bailíodh le linn an chéad dhá bhliain i bhfeidhm, eagrófar gníomhaíochtaí comhairliúcháin sainiúla do ghrúpaí ar leith, amhail comhaltaí binsí fiosrúcháin agus cúirteanna. Bunaithe ar an taithí ar na hócáidí in 2012 agus 2013, eagróidh EASO comhdháil atá oscailte don tsochaí shibhialta agus cruinniú iomlánach sa cheathrú ráithe de 2014.

| Gníomhaíochtaí Fhóram Comhairleach EASO | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Glacfaidh EASO páirt i ndialóg dhá-bhealach le heagraíochtaí cuí na sochaí sibhialta chun saineolas agus taithí a roinnt. | |
| **Nua in 2014** | Déanfaidh EASO fiosrú ar bhealaí nua comhair le heagraíochtaí roghnaithe sa tsochaí shibhialta agus bunóidh sí ardán ríomh-chomhairliúcháin. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Rachaidh EASO i gcomhairle le heagraíochtaí cuí na sochaí sibhialta. | R1–R4 | Líon agus cineál na gcomhairliúchán a rinneadh;<br>Líon na n-eagraíochtaí a ndeachthas i gcomhairle leo;<br>Líon na gcionta a fuarthas;<br>Úsáid na gcionta a fuarthas. |
| Eagraigh cruinniú iomlánach bliantúil an Fhóraim Chomhairligh. | R4 | Cruinniú iomlánach eagraithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe iomlánaigh. |
| Rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta i gcomhdháil bhliantúil um chomhar praiticiúil EASO ar mhionaoisigh neamhthionlactha. | R4 | Líon na rannpháirtithe ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. |
| Ardán ríomh-chomhairliúcháin a bhunú. | R4 | Ardán ríomh-chomhairliúcháin bunaithe;<br>Líon na gcomhairliúchán seolta ar an ardán ríomh-chomhairliúcháin;<br>Líon na gcionta a fuarthas;<br>Úsáid na gcionta a fuarthas. |
| **Buiséad** | 3401 Comhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara | |
| **Acmhainní daonna** | Oifig Fheidhmiúcháin | |

# 9. Riarachán EASO

## 9.1. Bainistíocht acmhainní daonna

Tá sé beartaithe go sroichfidh líon na foirne 84 in 2014, lena n-áirítear ochtar ball foirne breise a earcófar sa chéad leath de 2014.

Cuireadh tús le feidhmiú an mheasúnaithe feidhmíochta foirne bhliantúil in 2013. In 2014, cuirfidh EASO bonn gairmiúil lena bheartas inmheánach foirne agus bainistíocht foirne, m.sh. ar mheastóireachtaí foirne, measúnú agus gníomhaíochtaí oiliúna.

## 9.2. Bainistíocht airgeadais

Lorgóidh EASO ioncam ar bhealach slán agus cothrom agus déanfaidh sí cinnte go mbíonn rialú éifeachtúil ar chaiteachas, d'fhonn tascanna reachtaíochta reatha agus nua go caoithiúil, le haird chuí ar na srianta acmhainne atá ag teacht. Mar thacú le bainistíocht feidhmíochta, cuirfidh EASO le dearadh an fheidhmithe de réir a chéile ar bhuiséadú nialas-bhunaithe trí ghníomhaíocht ar bhealach caoithiúil.

Maidir le hioncam EASO, chomh maith leis an ranníocaíocht ón Aontas a chuirtear isteach i mbuiséad ginearálta AE, samhlaítear go gcuireann na socruithe atá curtha i gcrích leis na tíortha comhlachaithe creat ar fáil dá ranníocaíocht ó 2014 ar aghaidh.

Maidir le caiteachas EASO, leanfar ag díriú ar a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr agus is féidir as acmhainní airgeadais ag teacht le prionsabail na heacnamaíochta, na héifeachtúlachta agus na rialtachta. Maidir leis sin, déanfar caiteachas a thabhú le feidhmiú dian na rialacha AE agus EASO. Déanfar rialachán airgeadais EASO a leasú mar is gá ag an gcreat-rialachán airgeadais nua do ghníomhaireachtaí AE. Cuirfear leis an gcreat normatach seo ag cinntí EASO, mar is gá, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le haisíoc saineolaithe a imlonnaítear nó a dtugtar cuireadh dóibh.

## 9.3. Bainistíocht conartha

Agus roinnt gealltanas dlíthiúla ilbhliantúla bunaithe in 2013, ach go háirithe maidir le tionscadail a bhfuil tábhacht straitéiseach acu do EASO, tabharfar aird ar leith ar bhainistíocht slán na ndeontas agus na gconarthaí poiblí atá i gceist.

## 9.4. Rialachas TF

Tabharfar aird ar leith ar an earnáil TFC, d'fhonn ról EASO a láidriú i dtaobh na mBallstát ar fheidhmchláir bogearraí a rith, a oiliúint agus a thastáil a bhaineann le seirbhísí tearmainn. Ina theannta sin, beidh gá le tuilleadh daingnithe agus feabhais ar an leanúnachas gnó agus infreastruchtúr TFC, toisc go leanfaidh an méadú ar líon na n-úsáideoirí (ó EASO agus na Ballstáit), chomh maith le castacht na bhfeidhmchlár bogearraí.

In 2014, beidh córais TFC EASO uathoibríoch go hiomlán agus le caighdeán ard infhaighteachta. Beidh an deasc seirbhíse á rialú ag gnásanna agus cinnteofar an iomarcaíocht seirbhíse TFC. Ba chóir go mbeadh tomhas ar shástacht na n-úsáideoirí. Ba chóir go mbeadh córais agus infreastruchtúir iomarcach go hiomlán agus ba chóir go mbeadh seirbhísí soláimhsithe, le leibhéal ard uileláithreachta. Ní mór forbairt a bheith ar bun chun freastal ar mhianta na n-úsáideoirí agus chun gnásanna EASO a fhormáidiú d'fheidhmeanna modheolaíocha agus tuarascálacha úsáideacha. Mar chríoch, ba chóir réimse fiosruithe nua a bheith ar bun, a cheadaíonn d'fhoireann TFC laigí a aimsiú agus tuilleadh fiosruithe a dhéanamh ar bhealaí inar chóir do na córais TFC, laistigh de na beartais slándála, freastal ar fhoireann EASO agus cuspóirí misin.

Déanfar anailísí riosca laistigh de na mór-réimsí seo a leanas i ngníomhaíochtaí riaracháin TFC: deasc seirbhíse, riarachán córas, forbairt, bainistiú tionscadail, plean athshlánaithe ó thubaiste agus cúltacú ar shonraí. Ina dhiaidh sin, déanfar athbhreithniú tréimhsiúil, a nuashonraíonn nó a chruthaíonn gnásanna, sruthanna oibre agus tomhais, ag teacht le toradh na n-anailísí riosca. Meastar freisin go mbeidh tacaíocht comhairliúcháin sheachtrach ann agus go gcuirfear cleachtais tástála i bhfeidhm chun torthaí inmheánacha a shioncronú agus a chur i gcomórtas leis na claonta is déanaí i réimsí TFC. Cuirfear anailísí riosca ar chórais bogearraí oibríochta agus cuirfear ullmhúcháin ar bun do chleachtais tástála treáite.

Maidir le 2014, beidh an earnáil ICT dírithe don chuid is mó ar na nithe seo a leanas:

- córas bainistíochta cáipéise;
- cur i bhfeidhm na gcaighdeán agus rialachán slándála;
- plean athshlánaithe ó thubaiste;
- plean leanúnachais ghnó;
- ullmhúchán do lárionad tánaisteach oibríochta TF;
- an cleachtadh tástála slándála TF seachtrach a sceidealú.

## 9.5. Cumarsáid

Tógfaidh EASO ar a hiarrachtaí cumarsáide poiblí in 2012–13 chun ról, luachanna, gníomhaíochtaí agus

obair na gníomhaireachta a chur chun cinn á threorú ag na prionsabail a luaitear ina straitéise cumarsáide. Féachfaidh gníomhaíochtaí cumarsáide EASO le feabhas a chur ar chomhar praiticiúil idir na Ballstáit. Cuirfear le príomhbhealach cumarsáide EASO, an suíomh gréasáin (http://www.easo.europa.eu), le bealaí éagsúla eile chun **príomhtheachtaireachtaí** EASO a threisiú. Is iad sin:

- is í an tacaíocht ár misean;
- dlúthpháirtíocht a chur i gcleachtas;
- luachanna coiteanna, cáilíocht agus dlúthpháirtíocht; agus
- breisluach a sholáthar don AE agus a Bhallstáit.

Déanfar príomhtheachtaireachtaí EASO a chur in iúl go trédhearcach trí bhealaí éagsúla d’fhonn a chinntiú go bhfaightear an fhor-rochtain is leithne agus is féidir agus ar an mbealach sin a dlisteanacht a mhéadú. Beidh suíomh gréasáin EASO i gcroílár na n-iarrachtaí cumarsáide. Scrúdóidh EASO bealaí chun a suíomh gréasáin a fhorbairt agus a nuashonrú a thuilleadh mar thoradh ar aiseolas na n-úsáideoirí agus ag baint úsáide as an dea-chleachtas atá i suíomhanna gréasáin cosúla. Áiríonn na bealaí eile:

- preas scríofa agus closamhairc;
- rannpháirtíocht in ócáidí (amhail laethanta oscailte an AE, éisteachtaí poiblí agus ócáidí eile lena n-áirítear ócáidí móra atá tábhachtach ó thaobh na polaitíochta de);
- léirithe agus taispeántais ar obair agus gníomhaíochtaí EASO;
- foilseacháin agus tuarascálacha;
- nuachtlitir mhíosúil EASO;
- preasráitis; agus
- sleachta preasa laethúla (d’úsáid inmheánach).

| Gníomhaíochtaí cumarsáide EASO | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir(í) EASO** | Ról, luachanna, gníomhaíochtaí agus obair na gníomhaireachta a chur in iúl agus a chothú ag teacht le straitéis cumarsáide EASO.<br>Díreoidh EASO ar thasc na gníomhaireachta chun comhar praiticiúil i measc na mBallstát ar iliomad gnéithe an tearmainn a éascú, a chomhordú agus a láidriú. | |
| **Nua in 2014** | Nuashonróidh EASO a straitéis cumarsáide, cinnteoidh sí feidhmiú a haitheantas físe agus déanfaidh sí tuilleadh forbartha ar fheidhmeanna an tsuímh ghréasáin. | |
| **Feidhmíocht** | | |
| **Gníomhaíochtaí EASO in 2014** | **Cathain** | **Táscairí** |
| Ar a laghad naoi n-eagrán de nuachtlitir EASO a eisiúint. | R1–R4 | Líon na n-eagrán de nuachtlitir EASO. |
| Eagraigh cruinniú faisnéise agus líonraithe amháin do phreasoifigigh na mBallstát AE atá i gceannas ar cheisteanna gnóthaí baile. | R3–R4 | Cruinniú faisnéise agus líonraithe eagraithe;<br>Líon na rannpháirtithe;<br>Leibhéal sástachta na rannpháirtithe;<br>Úsáid thoradh an chruinnithe. |
| Nuashonrú ar straitéis cumarsáide EASO. | R1–R2 | Straitéis cumarsáide nuashonraithe glactha. |
| Ardú i líon na síntiúsóirí don nuachtlitir. | R1–R4 | Céatadán an ardaithe i líon na síntiúsóirí don nuachtlitir. |
| Ocht bpreaseisiúint ar a laghad a thabhairt. | R1–R4 | Líon na bpreaseisiúint;<br>Úsáid na bpreaseisiúint. |
| Déan monatóireacht ar chlúdach preasa EASO agus foilsigh na hailt is tábhachtaí ar an suíomh gréasáin. | R1–R4 | Líon na n-alt áirithe sa chartlann preasa;<br>Líon na n-alt foilsithe ar an suíomh gréasáin. |
| Sleachta preasa laethúla a eisiúint. | R1–R4 | Líon na sleachta preasa laethúla. |
| Ar a laghad sé agallamh ardleibhéil a thionól leis an bpreas. | R1–R4 | Líon na n-agallamh ardleibhéil leis an bpreas. |
| A chinntiú go bhfuil an cháilíocht is airde ar fhoilseacháin agus aistriúcháin uile EASO. | R1–R4 | Foilseacháin agus aistriúcháin ardcháilíochta EASO bainte amach. |
| A chinntiú go gcuirtear aitheantas físe EASO i bhfeidhm go hiomlán. | R1–R4 | Úsáid aitheantas físe EASO. |
| Ardú i líon na gcuairteoirí ar shuíomh gréasáin EASO. | R1–R4 | Céatadán an ardaithe i líon na gcuairteoirí ar shuíomh gréasáin EASO. |

| | | |
|---|---|---|
| A chinntiú go dtugtar freagraí tráthúla ar fhiosruithe a fhaightear ón bpobal agus ón bpreas. | R1–R4 | Fráma ama ina dtugtar freagraí ar fhiosruithe; Úsáid na bhfreagraí. |
| Bainistíocht éifeachtúil ar bhosca poist eolais EASO. | R1–R4 | Líon na n-iarratas agus na bhfreagraí; Fráma ama ina dtugtar freagraí ar iarratais; Úsáid bhosca poist eolais EASO. |
| **Buiséad** | 2309 Costais aistriúcháin agus teangaireachta riaracháin; 2310 Foilseacháin riaracháin; 2311 Cumarsáid. | |
| **Acmhainní daonna** | Oifig Fheidhmiúcháin | |

## 9.6. Córais um rialú inmheánach agus bainistíocht

### 9.6.1. Feidhmiú EASO an chuir chuige choitinn ar ghníomhaireachtaí díláraithe an AE

In 2014, leanfaidh EASO d'fheidhmiú an chuir chuige choitinn ar ghníomhaireachtaí díláraithe an AE agus a threochlár a glacadh leis in 2012.

Mar ghníomhaireacht nuathionscanta, chloí EASO cheana féin le líon mór de na cuspóirí a leagtar síos sa chur chuige coiteanna agus sa treochlár agus chuir tús le feidhmiú na ngníomhartha ábhartha i mblianta roimhe.

Ina theannta sin, in 2014, beidh EASO ag díriú ach go háirithe ar na nithe seo a leanas:

- coimhlintí leasa;
- gníomhartha leantacha a bhaineann le meastóireachtaí;
- gníomhaíochtaí frith-chalaoise;
- buiséadú gníomhaíocht-bhunaithe agus bainistíocht gníomhaíocht-bhunaithe.

### 9.6.2. Córais um rialú inmheánach agus feidhmiú na moltaí déanta ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS)

Ar 23 Samhain 2012, ghlac Bord Bainistíochta EASO leis na caighdeáin um rialú inmheánach (ICS) do bhainistíocht éifeachtúil ([1]).

Idir 20 agus 24 Bealtaine agus idir 21 agus 25 Deireadh Fómhair 2013, thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) cuairt ar EASO don chéad iniúchadh seachtrach. Ar bhunús a mholtaí, thug EASO isteach beartais feabhsaithe, ach go háirithe i réimse fheidhmiú buiséid feidhmiú agus gnásanna earcaíochta.

In 2014, leanfaidh EASO dá cuid gníomhaíochtaí agus próisis a ailíniú le moltaí CIE.

Ina theannta sin, thug Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) an Choimisiúin Eorpaigh cuairt ar EASO ar 7 agus 8 Samhain 2012 agus idir 11 agus 19 Aibreán 2013 d'fhonn a mheasúnú ar EASO a fhorbairt. Ar bhunús an mheasúnaithe, bhunaigh EASO plean gníomhaíochta gaolta leis an ICS agus thosaigh a fheidhmiú sin in 2013. De bhreis air sin, ghlac an Bord Bainistíochta le plean iniúchta inmheánaigh straitéiseach cuimsitheach 2014–16 in 2013.

Ag teacht leis an bplean gníomhaíochta ar ICS agus plean iniúchta inmheánaigh straitéiseach 2014–16, láidreoidh EASO feidhmiú an ICS a thuilleadh in 2014 trí na gníomhartha seo a leanas a fhorbairt:

- creat eiticiúil a bhunú;
- creat a fhorbairt do mheasúnú bliantúil agus forbairt foirne;
- úsáid na dtáscairí feidhmíochta a leathnú;
- próiseas um bhainistiú riosca a chur i bhfeidhm;
- struchtúr rialaithe TF EASO a láidriú;
- creat um leanúnachas gnó a bhunú.

---

([1]) Baineann na caighdeáin seo a leanas um rialú inmheánach do bhainistíocht éifeachtúil (ICS) le EASO: 1. Misean; 2. Luachanna eiticiúla agus eagraíochta; 3. Leithdháileadh agus soghluaisteacht foirne; 4. Meastóireacht agus forbairt foirne; 5. Cuspóirí agus táscairí feidhmíochta; 6. Próisis um bhainistiú riosca; 7. Struchtúr oibríochta; 8. Próisis agus nósanna imeachta; 9. Maoirsiú bainistíochta; 10. Leanúnachas gnó; 11. Bainistíocht cáipéisí; 12. Faisnéis agus cumarsáid; 13. Cuntasaíocht agus tuaraisciú airgeadais; 14. Meastóireacht ar ghníomhaíochtaí; 15. Measúnú ar chórais rialaithe inmheánaigh; 16. Inniúlacht d'iniúchadh inmheánach.

# 10. Iarscríbhinní

## 10.1. Conarthaí poiblí agus gealltanais dhlíthiúla EASO in 2014

| Gníomhaíocht oibríochta | Gníomh mar atá sainithe sa Phlean Oibre | Ábhar an chonartha | Luach an chonartha | Cineál conartha | Nós imeachta soláthair/ conartha | Fráma ama do sheoladh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara | Roinn 8.3 | Eagrú imeachta agus seirbhísí gaolmhara don Fhóram Comhairleach | EUR 150 000 | Conarthaí sainiúla do sheirbhísí | Creatchonarthaí EASO EASO/2013/113 EASO/2013/116 EASO/2013/117 EASO/2013/121 | R3 |
| Oiliúint | Roinn 3.1 | Seirbhísí tacaíochta TF do thógáil mhodúil oiliúna EASO céim 2 | EUR 130 000 | Creatchonradh do sheirbhísí | Nós imeachta oscailte | R1 |
| Oiliúint | Roinn 3.1 | Seirbhísí óstála d'ardán oiliúna EASO céim 2 | EUR 120 000 | Creatchonradh do sheirbhísí | Nós imeachta oscailte | R1 |
| Oiliúint | Roinn 3.1 | Bunachar sonraí a fháil d'oiliúint EASO céim 1 | EUR 60 000 | Conradh díreach do sholáthairtí agus seirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta | R1 |
| Cláir speisialta | Roinn 3.5.1 | Sainchainteoir mar bhall comhdhála cúirteanna agus binsí fiosrúcháin i Lucsamburg | EUR 15 000 | Conradh díreach do sheirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta | R2 |
| Cláir speisialta | Roinn 3.5.1 | Lónadóireacht do bhaill comhdhála cúirteanna agus binsí fiosrúcháin i Lucsamburg | EUR 15 000 | Conradh díreach do sheirbhísí | Nós imeachta idirbheartaíochta | R2 |
| Faisnéis na tíre tionscnaimh | Roinn 3.3 | Seirbhísí cothabhála agus forbartha TF don tairseach COI | EUR 150 000 | Conarthaí sainiúla do sheirbhísí | Creatchonradh EASO EASO/2013/101 | R2 |
| Luathrabhadh agus ullmhacht | Roinn 6.3 | Ceadúnais bhogearraí | EUR 150 000 | Conarthaí sainiúla do sholáthairtí | Creatchonradh an Coimisiúin Eorpaigh (DIGIT) SACHA II | R1 |

## 10.2. Foilseacháin agus aistriúcháin EASO in 2014

| | Foilseachán | Líon na dteangacha |
|---|---|---|
| 1 | Clár oibre EASO 2014 | 24 |
| 2 | Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí EASO | 24 |
| 3 | Buiséad EASO | 24 |
| 4 | Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san AE | 5 |
| 5 | Dhá thuarascáil nó táirge COI | 5 |
| 6 | Dhá uirlis forbartha gairmiúla EASO do bhaill na gcúirteanna agus na mbinsí fiosrúcháin | 5 |
| 7 | Dhá uirlis EASO um phróisis cháilíochta | 5 |
| 8 | Lámhleabhar measúnaithe aoise | 5 |
| 9 | Cáipéis um rianú teaghlaigh | 5 |
| 10 | Ceithre mhodúl oiliúna EASO | 1 |
| 11 | Ceithre nuashonrú ar mhodúil oiliúna EASO | 1 |
| 12 | Bróisiúr oiliúna EASO | 1 |
| 13 | Dhá lámhleabhar oiliúna EASO | 1 |

## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AN AE

**Foilseacháin saor in aisce:**

- cóip amháin:
  ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- níos mó ná cóip amháin nó póstaeir/léarscáileanna:
  ó ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh (http://ec.europa.eu/represent_ga.htm),
  ó na toscaireachtaí i dtíortha neamh-AE (http://eeas.europa.eu/delegations/index_ga.htm),
  trí theagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís Europe Direct (http://europa.eu/europedirect/index_ga.htm)
  nó trí ghlaoch a chur ar 00 800 6 7 8 9 10 11 (uimhir shaorghlao as áit ar bith san AE) (*).

(*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí gutháin nó óstáin táille a ghearradh ort).

**Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:**

- ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

**Síntiúis a bhfuil praghas orthu:**

- ó dháileoirí tráchtála de chuid Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm).

An Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn

Clár oibre EASO 2014

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

2013 — 37 lch. — 21 × 29,7 cm

ISBN 978-92-9243-034-4
doi:10.2847/11881

BZ-AC-13-001-GA-N

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-9243-034-4

doi:10.2847/11881